

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008





**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin**  
**Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath ÉIRE.**

**CLÚDACH:**

**“Mothership” – Rachael Joynt**  
**Baile Nua Mhic Gabhann, Cuas an Ghainimh.**  
**Cré-umha teilgthe & cruach dhosmálta – 2m ar airde.**  
**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a choimisiúnaigh**  
**le linn Scéim Draenála Dhún Laoghaire 1999.**  
**Grianghraf: Lois Crighton**

**Grafaic: Yellowstone Communications Design**

## ÁBHAR

- 4 Focal ón gCathaoirleach
- 5 Réamhrá ón mBainisteoir Contae
- 6 Comhaltaí na Comhairle Contae
- 7 Comhaltas Choiste na gComhairleoirí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- 10 Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile
- 12 Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach
- 14 Tuarascálacha Na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach
- 16 Liosta Comhdhálacha i rith 2008
- 18 Ailtirí
- 20 Pobal agus Fiontar
- 23 Seirbhísí Corparáideacha
- 26 Cultúr, Forbairt Pobail agus Conláistí
- 30 Forbairt Eacnamaíoch agus Pleanáil
- 33 Comhshaol agus Seirbhísí Uisce
- 36 Airgeadas
- 38 Tithíocht
- 42 Acmhainní Daonna
- 44 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
- 45 Seirbhísí Dí
- 46 Iompar
- 48 Clár Comhardaithe don Bhliain dar críoch 31/12/2008
- 49 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31/12/2008
- 50 Táscairí Seirbhísí 2008

## FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH



Bliain rathúil eile ab ea í an bhliain 2008 do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuireadh leis an raon seirbhísí agus gníomhaíochtaí arna soláthar ag an gComhairle Contae agus lena raibh baint ag an gComhairle Contae le linn na bliana. Ó toghadh mé i mo Chathaoirleach i Meitheamh na bliana 2008 d'oibrigh mé, mar cheann polaitiúil na Comhairle, leis na comhaltaí tofa eile chun cinntí a chur chun cinn agus a dhéanamh ar raon réimsí beartais a ceapadh chun feabhas a chur ar chomhshaol agus ar chaighdeán mhaireachtála chónaitheoirí an chontae.

Ceann de na ceisteanna ba thábhachtaí a bhí faoi chaibidil le linn na tréimhse sin ab ea tús a chur le hathbhreithniú an Phlean Forbartha Contae. Nuair a chríochnófar an plean beidh sé ina threoirphlean againn ionas go mbeimid ábalta todhchaí an chontae seo againn a phleanáil ón mbliain 2010 go 2016.

D'fhaomh an Chomhairle líon áirithe d'fhorbairtí molta i rith na bliana sna réimsí seo a leanas - tithíocht shóisialta, athchóiriú ar láithreáin stad, feabhsúchán agus tógáil bóithre, oibreacha páirceanna agus comhshaoil. Ina theannta sin, chuidigh imeachtaí móra amhail Féile na gCultúr Domhanda, Féile de Bhianna na Cruinne agus Ceolchoirmeacha Pháirc Mharlaí i measc go leor imeachtaí eile leis an gComhairle a bheith i dteagmháil go rialta leis an bpobal ar a ndéanann siad freastal.

Ó thaobh seirbhísí fóillíochta de, chuir sé ríméad orm gur bunaíodh Seirbhísí Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Teoranta. Glacfaidh an chuideachta nua seo freagracht na Comhairle uirthi féin maidir leis na saoráidí fóillíochta i mBaile Uí Lachnáin, Bóthar Ghleann Alban agus Baile na Manach. Beidh an chuideachta freagrach amach anseo chomh maith as ionad nua Shruthán na Cluana i nDún Droma agus as ionad Samuel Beckett atá molta do Bhóthar Bhaile Uí Ógáin a stiúradh.

Lean an Chomhairle uirthi le linn na bliana le heastáit a thógáil i gcúram, tithíocht incheannaithe a dhiúscairt, maoiniú do chomhlachtaí deonacha tithíochta agus le scéimeanna nua páirceála 'íoc agus taispeáin' de réir mar a bhí gá leo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí tofa na Comhairle, as a gcomhoibriú agus as a ndúthracht ar na coistí barda agus limistéir, a chuidigh liomsa gnó reachtúil agus gnóthaí eile na Comhairle Contae a sheoladh ar bhealach éifeachtach agus tráthúil. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghlacadh leis an mBainisteoir Contae agus lena fhoireann as an gcomhairle a chuir siad orm agus an lámh chúnta a thug siad dom. Bhí sé ar mo chumas i gcomhar leis an mBainisteoir, na comhaltaí tofa a choinneáil ar an eolas agus a chinntiú go mbeadh cur amach acu i ndáil leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar líon áirithe saincheisteanna. Creidim gur ghníomhaigh an Chomhairle go pras agus go héifeachtach trí shárobair na hoifige cumarsáide, chun an pobal agus na comhaltaí tofa a choinneáil ar an eolas faoin iliomad saincheisteanna tábhachtacha le linn na bliana.

Ní bréag a rá go bhfuil blianta fada dúshlánacha eile le sárú ag an tír seo againne agus beidh an Chomhairle Contae ar a ndícheall chun an leibhéal seirbhísí a chuirimid ar fáil a choinneáil agus a fheabhsú. Creidim go bhfuil seasamh maith ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun na droch-chúinsí eacnamaíocha a chur di agus chun leibhéal eiseamláireach seirbhíse a chur ar fáil don phobal sa todhchaí.

**Tom Joyce**

**AN CATHAOIRLEACH**

## RÉAMHRÁ ÓN MBAINISTEOR CONTAE



.....

Is mór an sásamh a thugann sé dom Tuarascáil Bhliantúil 2008 na Comhairle a chur i láthair, ina gcuirtear síos ar an dul chun cinn sonrach atá déanta ó thaobh tionscadail bhonneagair a chur chun cinn agus feabhas a chur ar sheirbhísí i Ranna uile na Comhairle le linn na bliana. Bhain gach uile dhuine a bhí ina gcónaí nó ag obair i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin nó a thug cuairt ar an gcontae tairbhe as na tionscadail sin agus as an bhfeabhas a cuireadh ar na seirbhísí.

.....

Tugtar an dul chun cinn a rinne an Chomhairle le linn 2008 agus na cuspóirí a leagadh amach sa Phlean Corparáideach 2005-2009 á gcomhlíonadh aici, le fios in athbhreithnithe na Roinne arna leagan amach sa Tuarascáil Bhliantúil. Táim thar a bheith sásta gur lean an Chomhairle lena mbeartas an t-ardú ó thaobh costais de a ghearrann siad ar ghnóthaí agus ar theaghlaigh ar fud an chontae a íoslaghdú.

Níl amhras ar bith orm gur chor cinniúna a bhí sa bhliain 2008 don Chomhairle agus go deimhin gurbh amhlaidh a bhí tríd is tríd don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Is mór na droch-iarmhairtí atá mar thoradh ar an meath tapa a tháinig ar an ngeilleagar ar léir é i míonna deiridh na bliana 2008 agus a threisigh sa bhliain 2009 don Chomhairle agus is mór na dúshlán nua atá ag eascairt as. Is é is dóiche de go mbeidh sé tamall maith eile, ar a laghad, sula bhfeidhmeoidh an Chomhairle i gcomhshaol airgeadais a bheidh sách cobhsaí mar a bhí sa bhliain 2008.

Níl amhras ar bith orm, agus muid ag dréim le réiteach a fháil ar na dúshlán a eascraíonn as an gcomhshaol oibriúcháin nua agus go háirithe le seirbhísí a choinneáil agus le tionscadail bhonneagair a sholáthar d'ainneoin na lagduithe sonracha ioncaim agus na rialaithe nua arna bhforchur ag an Rialtas Láir, gur mór an tairbhe a bhainfear as na cinntí a ghlac an Chomhairle sa bhliain 2008 agus i mblianta roimhe sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don cheannaireacht éachtach a thaispeáin An Cathaoirleach, an Comhairleoir Tom Joyce agus na Comhaltáí Tofa agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann na Comhairle chomh maith as an obair a rinne siad le linn na bliana.

**Owen P Keegan**  
BAINISTEOR CONTAE



# COMHAIRLE CHONTAE DÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

MAR ATÁ 31/12/2008

## TOGHCHEANTAR AN BHAILE BHRIC



**BAILEY, MARIA (F.G.)**

An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín,  
Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath

**E.** mbailey@cllr.dlrco.ie  
**T.** 086-101 9750 **F.** 285 4129



**CROWE, GARETH (F.F.)**

26 An Mhuine, Carraig an tSionnaigh,  
Baile Átha Cliath 18

**E.** gcrowe@cllr.dlrco.ie  
**M.** 086-850 1116



**KIVLEHAN, TOM (P.G.)**

33 An Clós Cúirte Thoir, Gleann na Tuláí, Coill  
na Silíní, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18

**M.** 086-818 6717  
**E.** tkivlehan@cllr.dlrco.ie



**MARREN, DONAL (F.G.)**

17 Lóiste na Carraige, Cill Iníon Léinín,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-607 8195  
**T. / F.** 285 3160  
**E.** dmarren@cllr.dlrco.ie



**O'CALLAGHAN, DENIS (L.O.)**

49 Páirc Ráth Salach, Seanchill,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-278 5609  
**T. / F.** 2822436  
**E.** denisoc@cllr.dlrco.ie



**SMYTH, CARRIE (L.O.)**

3 Céide Radharc na Bá, Cill Iníon Léinín,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-383 5051  
**E.** carriesmyth@cllr.dlrco.ie

## TOGHCHEANTAR NA CARRAIGE DUIBHE



**BAKER, MARIE (F.G.)**

38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-818 6704  
**T.** 288 7713 (Baile)  
**E.** mbaker@cllr.dlrco.ie  
**W.** www.mariebaker.net



**BHREATHNACH, NIAMH (L.O.)**

12 Ascaill Anglesea, An Charraig Dhubh,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-607 8193  
**T.** 288 9321 (Baile)  
**F.** 2835918  
**E.** nbhreathna@cllr.dlrco.ie



**HOLOHAN, RUAIRÍ (P.G.)**

2 Teach Clarinda, Páirc Clarinda Thiar,  
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

**CO-OPTED: 13TH OCTOBER 2008**

**M.** 086-795 2792  
**E.** rhohohan@cllr.dlrco.ie



**CONWAY, BARRY (F.F.)**

9 Siúlán Coppinger, Páirc Stigh Lorgan,  
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-388 1534  
**E.** bconway@cllr.dlrco.ie

## TOGHCHEANTAR DHÚN LAOGHAIRE



**BAILEY, JOHN F. (F.G.)**

An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín,  
Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-818 6701  
**F.** 285 4129  
**E.** jbailey@cllr.dlrco.ie



**DEVLIN, CORMAC (F.F.)**

St. Michael's, 117 Ascaill Ghleann na gCaorach,  
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-818 6814  
**T.** 275 0786 (Home)  
**E.** cdevlin@cllr.dlrco.ie  
**E.** cormacdevlin@ireland.com  
**W.** http://cormacdevlin.  
homestead.com



**DILLON BYRNE, JANE (L.O.)**

Teach Silchester, Bóthar Silchester, Gleann  
na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-607 8150  
**T.** 280 1624 (Home)  
**E.** jdbyrne@cllr.dlrco.ie



**FEIGHERY, GENE (P.G.)**

1 Páirc Eglinton, Dún Laoghaire,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-850 1198  
**E.** genefeighery@cllr.dlrcoco.ie



**MITCHELL O'CONNOR, MARY (F.G.)**

31 Mainéar na Mailpe, Cábán tSile,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-818 6725  
**E.** mmoconnor@cllr.dlrcoco.ie



**O'HIGGINS, TOM (F.G.)**

64 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún  
Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-043 3955  
**T.** 280 3580 (Oifig)  
**F.** 280 3359  
**E.** tohiggins@cllr.dlrcoco.ie



**FOX, TONY (F.F.)**

93 Páirc Radharc an tSléibhe, Baile an  
Teampaill, Baile Átha Cliath 14

**M.** 086-608 6903  
**T.** 298 0816 (Baile)  
**E.** tonyfox@cllr.dlrcoco.ie



**HAND, PAT (F.G.)**

25 Garrán an Chrainn Chnó Capaill,  
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16

**M.** 086-607 8181  
**T.** 494 5905 (Baile)  
**E.** phand@cllr.dlrcoco.ie



**MATTHEWS, TREVOR (F.F.)**

46 Bóthar na Sailí, Sruthán na Cluana,  
Dún Droma, Baile Átha Cliath 16

**M.** 086-380 3604  
**T.** 2986975 (Home)  
**E.** tmatthews@cllr.dlrcoco.ie

**TOGHCEANTAR  
STIGH LORGAN**



**COSGRAVE, LOUISE (F.G.)**

103 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda  
Uachtarach, Baile Átha Cliath 14

**M.** 086-827 7608  
**T. / F.** 298 0855  
**E.** louisecosgrave@cllr.dlrcoco.ie  
**E.** louise.cosgrave@indigo.ie



**HORKAN, GERRY, (F.F.)**

7 Páirc Choill an Chuilinn, Baile na  
nGabhar, Baile Átha Cliath 14

**M.** 086-388 1531  
**E.** ghorkan@cllr.dlrcoco.ie



**O'KEEFE, GEARÓID (NSP)**

60 Bóthar Chnocán an Chéadrais, Cnoc  
Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-818 6727  
**E.** gokeefe@cllr.dlrcoco.ie  
**E.** gearoidokeefe@eircom.net

**TOGHCEANTAR  
DHÚN DROMA**



**CULHANE, AIDAN (L.O.)**

172 Garrán na Cluana, Dún Droma,  
Baile Átha Cliath 16

**M.** 087-688 5172  
**T.** 216 4449 (Baile)  
**E.** aculhane@cllr.dlrcoco.ie



**O'LEARY, JIM (F.G.)**

48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an  
Ghainimh, Dún Droma, Baile Átha Cliath 16

**M.** 086-818 6732  
**E.** joleary@cllr.dlrcoco.ie

**TOGHCEANTAR  
GHLEANN CUILINN**



**BYRNE, JOHN (F.F.)**

148 Teach an Teachtaire, An Chéim,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**M.** 086-850 1193  
**E.** jbyrne@cllr.dlrcoco.ie



**JOYCE, TOM (F.G.)**

2 Fearann an Teampaill, Áth an Ghainimh,  
Baile Átha Cliath 18

**M.** 086-388 1530  
**E.** tjoyce@cllr.dlrcoco.ie



**MCCARTHY, LETTIE (L.O.)**

23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim,  
Co. Bhaile Átha Cliath.

**M.** 086-818 6718  
**E.** lmcCarthy@cllr.dlrcoco.ie  
**W.** www.lettie.net







## COMHALTAÍ CHOISTE NA GCOMHAIRLEOIRÍ I GCOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

- Coiste Limistéir Dhún Laoghaire
- Coiste Limistéir Dhún Droma
- An Coiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta agus Prótacail

An Comh. J. Bailey	●		●
An Comh. M. Bailey	●		●
An Comh. M. Baker	●		●
An Comh. N. Bhreathnach	●	●	
An Comh. J. Byrne			
An Comh. N. Childers			
<b>A d'éirigh as ar an 25/08/08</b>	●		
An Comh. B. Conway	●		
An Comh. L. Cosgrave		●	
An Comh. G. Crowe	●		
An Comh. A. Culhane		●	
An Comh. C. Devlin	●		●
An Comh. J. Dillon Byrne	●		●
An Comh. C. Fallon			
<b>A d'éirigh as ar an 25/11/08</b>		●	
Cllr G. Feighery	●		●
An Comh. T. Fox		●	
An Comh. P. Hand		●	●
An Comh. R. Holohan			
<b>Arna chomhthoghadh an 13/10/08</b>	●		
An Comh. G. Horkan		●	●
An Comh. T. Joyce		●	<b>CATHAOIRLEACH</b>
An Comh. T. Kivlehan	●		●
An Comh. D. Marren	●		
An Comh. T. Matthews		●	●
An Comh. L. McCarthy		●	
An Comh. M. Mitchell O'Connor	<b>CATHAOIRLEACH</b>		●
An Comh. D. O'Callaghan	●		●
An Comh. T. O'Higgins	●		
An Comh. G. O'Keeffe		●	●
An Comh. J. O'Leary		<b>CATHAOIRLEACH</b>	
An Comh. C. Smyth	●		●

# COMHALTAS COMHAIRLEOIRÍ AR CHOMHLACHTAÍ EILE

- Cumann Comhairlí Contae is Cathrach [Ardchomhairle na gComhairlí Contae mar a bhíodh]
- Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath
- Cuideachta Bhaile Oidhreachtá Dheilginse
- Tascfhórsa ar Dhrugaí
- Eagraíocht Thurasóireacht Réigiúnach Chathair agus Chontae Átha Cliath Teo
- An Grúpa ar Bheartas Straitéiseach do Chomhaontú Fostaíochta Átha Cliath
- Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Coiste Oibríocháin an AE d'Údarás Réigiún Átha Cliath
- Coiste Comhairleach Oifig Iompair Átha Cliath
- Ionad Fiontar Dhún Laoghaire
- Bord Chalafort Dhún Laoghaire
- Cuideachta Amharclainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Cuideachta Thurasóireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire
- Údarás Abhantrach an Oirthir



- Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
- Comhchoiste Tacsaithe agus Fruilcharanna
- Cumann Leabharlann na hÉireann
- Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil
- Coiste Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil maidir le Treoirínte do Phleanáil Straitéiseach i mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Coiste Comhairliúcháin Áitiúil arna bhunú faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)1998
- Ciste Cuimhneacháin An Tiarna Edward Fitzgerald
- Coiste Monatóireachta Lár Dhún Laoghaire– Plean Comhtháite Ceantair
- Fóram Shláinte Réigiúnach
- Cuideachta Tuaithe LEADER Bhaile Átha Cliath;
- Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
- Comhpháirtíocht an Chinn Theas
- Venturepoint: Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



# COMHALTAS AN CHOISTE AR BHEARTAS STRAITÉISEACH

- An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chultúr, d'Fhorbairt Pobail & do Chonláistí
- An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chomhshaoil
- An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Tithíocht
- An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Fhorbairt Eacnamaíoch agus don Phleanáil
- An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Iompar

	An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chultúr, d'Fhorbairt Pobail & do Chonláistí	An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chomhshaoil	An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Tithíocht	An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Fhorbairt Eacnamaíoch agus don Phleanáil	An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Iompar
An Comh. J. Bailey		●	●		
An Comh. M. Bailey	●				●
An Comh. M. Baker		●			CATHAOIRLEACH
An Comh. N. Bhreathnach		●			●
An Comh. J. Byrne			●		●
An Comh. N. Childers			●		●
<b>A d'éirigh as ar an 25/08/08</b>					
An Comh. B. Conway			●	●	
An Comh. L. Cosgrave	●		●		
An Comh. G. Crowe	●		●		
An Comh. A. Culhane			CATHAOIRLEACH		●
An Comh. C. Devlin	●	●			
An Comh. J. Dillon Byrne	●	●			
An Comh. C. Fallon	●	●			
<b>A d'éirigh as ar an 25/11/08</b>					
An Comh. G. Feighery	●		●		
An Comh. T. Fox		●			●
An Comh. P. Hand		●	●		
An Comh. R. Holohan			●		●
<b>Co-opted 13/10/08</b>					
An Comh. G. Horkan		●			●
An Comh. T. Joyce				●	●
An Comh. T. Kivlehan		●		●	
An Comh. D. Marren	●			●	
An Comh. T. Matthews		CATHAOIRLEACH		●	
An Comh. L. McCarthy				CATHAOIRLEACH	●
An Comh. M. Mitchell O' Connor	●			●	
An Comh. D. O' Callaghan			●	●	
An Comh. T. O' Higgins				●	●
An Comh. G. O' Keeffe	●	●			
An Comh. J. O' Leary		CATHAOIRLEACH		●	
An Comh. C. Smyth			●	●	



## IONADAITHE Ó NA HEARNÁLACHA

Chambers, Philip

**A d'éirigh as i mí Feabhra o8**

Coleman, Matthew

Ferris, Liz

**a tháinig in ionad John Scanlon (ED&P) in Aibréan o8**

Finnegan, Pat

Fitzpatrick, Seamus

Fitzsimons, Robert

Grannell, Aidan

**A d'éirigh as i mí Feabhra o8**

Heywood, Veronica

Keenan, Neil

**a tháinig in ionad John Scanlon (ED&P) in Aibréan o8**

Last, Rodney

Lawlor, Peter

Maguire, Philip

Martin, Luke

McCorry, Kevin

Merrigan, Michael

Nolan, Pat

**a tháinig in ionad Philip Chambers in Aibréan o8**

Nolan, Tom

**a tháinig in ionad Aidan Grannell in Aibréan o8**

O'Connor, John

O'Connor, Noel

O'Kane, Donal

O'Keeffe, John

O'Mahony, Joan

O'Neill, Dónal

O'Neill, David

O'Toole, Larry

Parr, Tony

Sanfey, Michael

Scanlan, John

**A d'éirigh as i mí Aibréan o8**

Woods, Chris

# TUARASCÁLACHA AN CHOISTE AR BHEARTAS STRAITÉISEACH

## CULTÚR, FORBAIRT POBAIL AGUS CONLÁISTÍ

Tionóladh 4 chruinniú den Choiste don Chultúr, Forbairt Pobail agus Conláistí sa bhliain 2008. Breithníodh na nithe seo a leanas:

- An Straitéis Ealaíon
- ‘Balla Graifítí’
- Beartas ar Logainmneacha
- Dul chun cinn ar Thionscnamh Shléibhte Bhaile Átha Cliath
- An Clár Eitice Faoin Aer ‘Ná Fág do Lorg’
- Straitéis Chultúrtha na Leabharlann
- Straitéis Spóirt, Fóillíochta agus Áineasa Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS PLEANÁIL

Tionóladh 4 chruinniú de chuid an Choiste ar Bheartas Straitéiseach don Fhorbairt Eacnamaíoch agus don Pleanáil sa bhliain 2008. Breithníodh na nithe seo a leanas:

- Cur i láthair ar Threoirlínte maidir le Cathair Ghlas agus Éifeachtacht Fuinnimh
- Tuairiscí ráithiúla chun dáta ar an Dul Chun Cinn maidir le Pleananna Limistéir Áitiúil
- Treoirlínte nua i gcomhair na nÚdarás Pleanála
- Cuid VIII (Nósanna Imeachta Comhairliúcháin Phoiblí)
- Cur i láthair faoin líne B2 an Luas ón nGníomhaireacht um Fháil Iarnród
- Tithíocht Shóisialta agus Incheannaithe a Chomhtháthú ar Fud an Chontae
- Treoirlínte maidir le ‘Tógáil i gCúram’
- Scéim Ranníocáí Forbartha Fhorlíontach do Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus Scéimeanna Linnte Tanúcháin Uisce Dromchla
- Plean Forbartha Contae 2006 – 2010 – Tuarascálacha na mBainisteoirí ar Aighneachtaí maidir leis an Dréacht-Phlean.

## COMHSHAOL

Tionóladh ceithre chruinniú sa bhliain 2008. Glacadh na saincheisteanna seo a leanas san áireamh:

- Leagan Leasaithe de Phlean Bainistithe Dramhaíola Bhaile Átha Cliath
- Staidéar Straitéiseach Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Straitéis ar Athrú Aeráide
- Scéim Draenála Abhantrach an Oirthir
- Forfheidhmiú Comhshaoil

## TITHÍOCHT

Tionóladh 4 chruinniú den Choiste ar Bheartas Straitéiseach don Tithíocht sa bhliain 2008. Mheas an coiste na saincheisteanna seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an Scéim Cíosanna Dífreálacha, lena n-áirítear Tuairisc chun dáta i Márta 2008 faoin Dréacht-Scéim
- Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta don Tithíocht Shóisialta agus Incheannaithe
- Breithníodh an Beartas ‘Teaghaisí Inoiriúnaithe’ i Meitheamh 2008
- Tuarascáil ar an gClár ar Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Phlódú maidir le Teaghaisí ar Cíos de chuid na Comhairle
- Tuarascáil ar an bPróiseas Nua Soláthair Phoiblí
- Scéimeanna Deontas d’Oiriúnú Tithe do Dhaoine Breacaosta agus do Dhaoine Faoi Mhíchumas
- Tuarascáil ar an mBeartas maidir le Síntí a chur le Tithíocht Lár Sraithe chun Plódú a Mhaolú agus ar an mBeartas chun Síntí a chur le Cóiríocht Thionóntaí na Comhairle
- Cur i láthair ar Bhille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008
- An Scéim Tosaíochta Ligin & an Beartas Aistrithe (lena n-áirítear na leasuithe molta ar an mbeartas a breithníodh i mí na Samhna 2008)
- Tithíocht Incheannaithe, lena n-áirítear Athbhreithniú ar an Scéim Tithíochta Incheannaithe i Meán Fómhair 2008

## IOMPAR

Tionóladh 6 chruinniú den Choiste ar Bheartas Straitéiseach don Iompar sa bhliain 2008. Mheas an coiste na saincheisteanna seo a leanas:

- Tuairisc Chun Dáta ar Chreatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh – Saincheisteanna Iompair
- Athbhreithniú ar an Teorainn Luais
- Athbhreithniú ar Chúrsaí Rothaíochta
- Plédhóiciméad ar Chearta Slí Poiblí a Chealú – Acht na mBóithre, 1993
- Liostú Tosaíochta maidir le Moilliú Tráchtá i gcomhair Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn maidir le Plean Bainistithe Tráchtá Dhún Laoghaire
- Bille Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath
- Dréacht-Treoirínte Oibriúcháin maidir le Feithiclí a Chlampáil agus a Thabhairt Chun Bealaigh
- Aighneacht: Fís 2020 – Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe
- Plé ar Imeachtaí maidir le Comhdháil Ionadaithe na nEarnálacha i gcomhair na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach
- Ceadanna Páirceála d'Oibrithe Sláinte
- Buiséad Iompair 2009
- Forfheidhmiú Páirceála
- Plean Oibriúcháin na Rannóige Iompair
- Plean Forbartha – Iompar



# LIOSTA COMHDHÁLACHA I RITH 2008

DÁTA	SONRAÍ COMHDHÁLA	LÁTHAIR	LÍON COMHAIRLEOIRÍ DHÚN LAOGHAIRE- RÁTH AN DÚIN A D'FHREASTAIL
1ú & 2ú Feabhra 2008	Comhdháil ar Thurasóireacht Aontroma	Aontroim	1
1ú – 3ú Feabhra 2008	Seimineár do Chomhairleoirí “Seirbhís Phleanála an Rialtais Áitiúil”	Port Láirge	7
1ú – 3ú Feabhra 2008	Scoil Gheimhridh Merriman 2008	Maigh Eo	1
7ú & 8ú Feabhra 2008	Údarás Réigiúnach an Lár-Iarthair Pleanáil i gcomhair Fuinneamh Inathnuaithe	Luimneach	2
15ú & 16ú Feabhra 2008	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann, Seimineáran Earraigh	An Mhí	3
21ú – 23ú Feabhra 2008	Fóram an Tríú hEanáil, Na hInimircigh ba Dhéanaí a tháinig go hÉirinn	Co. Dhún na nGall	7
23ú Feabhra 2008	Seimineár i gcomhair Comhairleoirí, “Cosc ar Fhéinmharú: Glao chun Gnímh”	Baile Átha Cliath	3
6ú – 8ú Márta 2008	Cumann Comhairlí Contae & Cathrach, Comhdháil Bhliantúil 2008	Baile Átha Cliath	3
7ú – 9ú Márta 2008	An Seimineár Bliantúil ar Fhuinneamh	Tiobraid Árann	4
27ú & 28ú Márta 2008	Cumann Chomhaltai na nÚdarás Áitiúil Seimineár Bliantúil an Earraigh	An Mhí	5
31ú Márta 2008	Comhdháil ar an bhFís Uile-Oileáin	An Cabhán	2
2ú – 4ú Aibreán 2008	Comhdháil Eorpach ar an Aeráid ROVIGO 2008	An Iodáil	1
2ú – 6ú Aibreán 2008	An 16ú Comhdháil Bhliantúil Aitheantais ar an gComhshaol i gCiarraí	Ciarraí	7
3ú & 4ú Aibreán 2008	An Chomhdháil Náisiúnta Pleanála 2008	Maigh Eo	2
4ú Aibreán 2008	An Chomhdháil ‘Ag Caitheamh Súil Eile ar an gCathair’ 2008	Baile Átha Cliath	1
17ú & 18ú Aibreán 2008	An 24ú Comhdháil Bhliantúil ar an gComhshaol	Corcaigh	3
17ú – 20ú Aibreán 2008	Cathracha na Meánmhara agus Comhphlé Idirchultúrtha	An Chipir	1
21ú Aibreán 2008	Comhdháil ar Fhorbairt Eacnamaíoch & Shóisialta Áitiúil	Luimneach	5
25ú – 27ú Aibreán 2008	Féile Idirnáisiúnta na Síochána	Tiobraid Árann	3
29ú Aibreán 2008	Seimineár ar an Turasóireacht	Baile Átha Cliath	1
16ú Bealtaine 2008	An 9ú Comhdháil Bhliantúil de chuid Chomhthionól Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ‘Clár an AE um Chomhar Críche (Interreg)’	Cill Mhantáin	1
16ú – 18ú Bealtaine 2008	An Rialtas Áitiúil & An Comhshaol	An Clár	1
21ú Bealtaine 2008	Litearthacht & an tÚdarás Áitiúil	Gaillimh	2
29ú Bealtaine 2008	An Chomhdháil Náisiúnta ar Mholbhailte	Corcaigh	1
27ú – 29ú Meitheamh 2008	14ú Scoil Samhraidh Byrne/Perry	Loch Garman	1
28ú Meitheamh 2008	Siompóisiam JFK	Loch Garman	1
4ú – 6ú Iúil 2008	Seimineár Oiliúna Dhún na Séad i gcomhair Comhairleoirí	Corcaigh	8
9ú – 12ú Iúil 2008	“Malairt Rogha d’Fhiontair, réiteach ar inbhuanaitheacht an Gheilleagair Thuaithe”	Gaillimh	1
12ú – 19ú Iúil 2008	Scoil Samhraidh Mhac an Ghoill & An tSeachtain Ealaíon	Dún na nGall	1
30ú Iúil 2008 – 1ú Lúnasa 2008	Seimineár Oiliúna i gcomhair Comhairleoirí, “Ról an Rialtais Áitiúil sa Spórt”	Gaillimh	1
10ú – 15ú Lúnasa 2008	Scoil Samhraidh Parnell	Cill Mhantáin	2
13ú – 16ú August 2008	Seimineár Oiliúna i gComhair Comhairleoirí, “Cúrsa Gaeilge”	Gaillimh	2
17ú – 23ú Lúnasa 2008	Scoil Samhraidh Chumann Merriman 2008	An Clár	2
9ú & 10ú Meán Fómhair 2008	4ú Comhdháil Bhliantúil ‘Comhshaol Éireann’	Baile Átha Cliath	1
11ú – 13ú Meán Fómhair 2008	95ú Comhdháil Bhliantúil AMAI 2008	Sligeach	2



DÁTA	SONRAÍ COMHDHÁLA	LÁTHAIR	LÍON COMHAIRLEOIRÍ DHÚN LAOGHAIRE- RÁTH AN DÚIN A D'FHREASTAIL
18ú Meán Fómhair 2008	Comhdháil na Comhairle Náisiúnta Comhairlí 2008	Cill Chainnigh	1
18ú – 21ú Meán Fómhair 2008	Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Staidéir ar Dhaonearraí	Ciarraí	2
19ú – 21ú Meán Fómhair 2008	Seimineár Oiliúna i gcomhair Comhairleoirí, Éifeachtacht Fuinnimh, Aisghabháil Teasa agus Athchúrsáil Fuinnimh don Teaghais Teaghlaigh	Gaillimh	3
23ú – 25ú Meán Fómhair 2008	Rialtas Áitiúil agus Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe	Ceatharlach	1
2ú & 3ú Deireadh Fómhair 2008	Greim a Fháil 2008 Ár bPobail a Phromhadh ó thaobh na hAndúile de'	Ciarraí	3
3ú – 5ú Deireadh Fómhair 2008	Seimineár ar Oidhreacht La Touche 2008	Cill Mhantáin	1
10ú – 12ú Deireadh Fómhair 2008	Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008	Ciarraí	2
9ú – 12ú Deireadh Fómhair 2008	Seimineár Oiliúna i gComhair Comhairleoirí - Ról an Rialtais Áitiúil ó thaobh na nAcmhainní Uisce atá againn a Chosaint	Gaillimh	1
17ú Deireadh Fómhair 2008	11ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Réigiún na hÉireann	Corcaigh	2
22ú & 23ú Deireadh Fómhair 2008	An 2ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar Uisce 2008	Baile Átha Cliath	1
24ú Deireadh Fómhair 2008	"Pleanáil Limistéir Áitiúil, Deiseanna agus Dúshláin"	Baile Átha Cliath	2
24ú & 25ú Deireadh Fómhair 2008	Seimineár Chónaidhm na gComhairleoirí Thuaidh Theas.	Gaillimh	7
31ú Deireadh Fómhair – 2ara Samhain 2008	Seimineár Oiliúna i gcomhair Comhairleoirí "Iompar Frithshóisialta agus Saincheisteanna Gaolmhara Sláinte agus Sábháilteachta"	Tiobraid Árann	3
31ú Deireadh Fómhair & 1ú Samhain 2008	Seimineár Oiliúna i gcomhair Comhairleoirí, Buiséad an Rialtais Áitiúil 2009	Loch Garman	8
4ú & 5ú Samhain 2008	Saol an Teaghlaigh Sa Lá atá Inniu Ann, "An Éabhlóid ba mhó?" 11ú Comhdháil Bhliantúil Chéifin	An Clár	1
7ú Samhain 2008	Ceannaireacht Chuiditheach Chathrach agus Chontae trí bhíthin na gCeantar Feabhsúcháin Ghnó	Ceatharlach	1
11ú & 12ú Samhain	Comhdháil Náisiúnta Chomhar – An Chomhairle um Forbairt Inbhuanaithe	Baile Átha Cliath	1
12ú & 13ú Samhain 2008	Taispeántas an Rialtais Áitiúil ar Chuimsiú Sóisialta – Cruinniú an Líonra Foghlama in Aghaidh na Bochtaineachta	Port Láirge	2
13ú Samhain 2008	Comhdháil ar Chomhairliúchán Poiblí Uile-Oileáin 2008	Baile Átha Cliath	3
13ú Samhain 2008	"Dramháil Sholadach Chathrach – Na Spriocanna Líonta Talún & Na Caighdeáin Riachtanacha Réamhchóireála a Chomhlíonadh"	Corcaigh	3
19ú & 20ú Samhain 2008	An 8ú Comhdháil Náisiúnta de chuid Chumann na hÉireann ar Eolaíocht an Fhéinmharaithe, "Nuálaíochtaí chun Féinmharú Daoine Óga a Chosc"	An Iarmhí	1
21ú & 22ú Samhain 2008	Comhdháil an Eorabharaiméadair 2008	An Fhrainc	2
21ú – 23ú Samhain 2008	Seimineár Oiliúna i gComhair Comhairleoirí ar Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide	Loch Garman	3
26ú & 27ú Samhain 2008	Comhdháil Bhliantúil an Gheimhridh 2008 de chuid Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Maigh Eo	3
26ú & 27ú Samhain 2008	An 6ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar Dhramháil	Baile Átha Cliath	1
27ú – 29ú Samhain 2008	An Chomhdháil Náisiúnta ar Thurasóireacht, "Comhoibriú agus Comtháthú is cúis le Turasóireacht Rathúil"	An Clár	6
12ú – 14ú Nollaig 2008	Seimineár Oiliúna i gcomhair Comhairleoirí – Cumarsáid Éifeachtach	Sligeach	4

# AILTIRÍ

Cuireann an Rannóg Ailtirí raon leathan de sheirbhísí ar fáil a bhaineann le réimse na tógála sna catagóirí seo a leanas:

- (a) Tithíocht
- (b) Conláistí Cathartha & Dearadh Uirbeach
- (c) Caomhnú na hOidhreachta Tógtha.



Scéim na Ráillí i nDún Laoghaire. Deartha i 2008. Breis forbartha le déanamh air le linn 2009

## TITHÍOCHT


Áirítear iad seo a leanas sa chlár oibre:- comhairle a thabhairt maidir le Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt a fhorfheidhmiú trí thionscadail mhóra tithíochta a sholáthar agus trí fheabhas a chur ar an stoc tithíochta atá ann cheana agus é a leathnú amach.

Áirítear na teaghaisí seo a leanas ar na teaghaisí a tugadh ar láimh sa bhliain 2008 - 23 in Ascaill na Maiple, An Baile Breac; 82 i gClós Bhaile na nGabhar, Baile na nGabhar; agus 17 ar Shráid an Phiarsaigh, An Naigín. Táthar i mbun obair thógála ar an láthair sna tionscadal seo a leanas: - Bóthar Dhroichead na gClóch, Seanchill; Clós Bhaile na nGabhar, Baile na nGabhar; Sráid an Phiarsaigh, An Naigín; An Bheannach Mhór, Ascaill Pháirc an Bhaile Nua; Garrán an Bhreithimh, Baile an tSaoir; Faiche Chill an Chroisre, Áth an Ghainimh; Fearann na Cluana, Dún Laoghaire; chomh maith leis an athfhorbairt ar Naomh Gall, Baile an Mhuilinn. Cuirfear 194 teaghais bhreise ar fáil nuair a bheidh na scéimeanna seo tugtha chun críche.

## CONLÁISTE CATHARtha

### Dearadh Uirbeach & Pleanáil

Is mór an t-ionchur a bhíonn ag an Rannóg Ailtirí san obair a dhéanann an Rannóg Pleanála. Cuireadh na Pleananna Limistéir Áitiúil i gcrích i Sruthán na Coille agus Gleann Cuilinn agus chomh maith leis sin ba mhór an dul chun cinn a rinneadh chun straitéisí deartha mionsonraithe a thabhairt ar aghaidh do Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní agus do Chreatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh. Scaipeadh An Creatphlean Ailtireachta do Shráidbhaile Charraig an tSionnaigh agus táthar i mbun ullmhúcháin ar Phleananna Limistéir Áitiúil do Ghráinseach an Déin agus do Sheanchonach san am céanna.



## Foirgnimh agus Saoráidí nua Cathartha

Cuireann an Rannóg Ailtirí seirbhís chomhairleach ar fáil maidir le raon leathan d'fhoirgnimh chathartha. Tionóladh comórtas idirnáisiúnta ailtireachta i gcomhair Cheanncheathrú na Leabharlainne Contae agus i gcomhair an Ionaid Chultúrtha i bPáirc Uí Mhóráin sa bhliain 2007 agus táthar i mbun deartha faoi láthair ar an scéim ar éirigh leo sa chomórtas. Áirítear saoráidí spóirt agus cultúrtha nua i mBaile Uí Ógáin (Campas Samuel Beckett) chomh maith leis na saoráidí spóirt i bPáirc Mharlaí agus sa Chéim ar thionscadail chathartha eile.

Eagraíodh comórtas tairisceana i gcomhair an deartha d'losta nua na Comhairle i mBaile Uí Ógáin agus táthar ag súil go dtosófar ar an obair ar an láthair sa bhliain 2009. Osclaíodh an tlosta Cothabhála Bóithre in Ascaill Bhaile an Róistigh i mí Aibreáin 2008 agus cuireadh bailchríoch ar na saoráidí do ghardaí tarrthála i gCuan Chuas an Ghainimh i mí na Bealtaine 2008. Lean an Clár Feabhsúcháin Leabharlainne ar aghaidh agus cuireadh feabhas ar chonláistí agus rinneadh na leabharlanna a chothabháil agus cuireadh athchóiriú Theach Pháirc Sheangánaí i gcrích i mí an Mheithimh 2008.

Cuireadh bailchríoch ar Chlogthúr Halla an Chontae mar chuid den chlár leanúnach don athchóiriú atá idir lámha agus cuireadh tús chomh maith le clár dheisiúcháin speisialaithe.

## SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN SRÁIDBHAILTE

Cuireadh bailchríoch ar thionscadal nua don tírdhreachú uirbeach i gCuan na Coille Móire i nDeilginis agus in Ascaill Chnoc Mhuirfean ar an gCarraig Dhubh. Táthar ag ullmhú deartha nua faoi láthair le haghaidh tionscadail mhóra feabhsúcháin chathartha ar feadh Na Ráillí, Bóthar na Mara agus na lánaí taobh thiar de Shráid Sheoirse i nDún Laoghaire. Táthar ag ullmhú scéim athbheochana chomh maith do Phríomhshráid na Carraige Duibhe.

## CAOMHNÚ NA HOIDHREACHTA TÓGTHA

Tá gealltanas tugtha i bPlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin maidir leis na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta – limistéir lena mbaineann saintréith ar leith agus fiúntas ailtireachta – a fhorbairt. Tá 11 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta i nDún Laoghaire - Ráth an Dúin faoi láthair.

Rinneadh fardal ailtireachta agus breithmheas saintréithe i gCill Iníon Léinín agus táthar lena gcur faoi bhráid an phobail in earrach na bliana 2009. Cuireadh a thuilleadh oibre i gcrích i líon áirithe réimsí eile agus táthar ag súil go gcuirfead ar obair sin faoi bhráid an phobail níos déanaí sa bhliain. Ina theannta sin, tá sé de rún ag an Rannóg Caomhnaithe athbheithniú a dhéanamh agus tuairimí a thabhairt ar na hiarratais phleanála go léir a bhaineann le déanmhais chosanta agus le foirgnimh sna Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Ba í an Rannóg Caomhnaithe a láimhseáil Scéim Deontais Chaomhnaithe na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhair Déanmhais Chosanta sa bhliain 2008. Rinneadh measúnú ar iarratais agus leithdháladh breis is €329,000 san iomlán de mhaoiniú. Fuair 33 tionscadal maoiniú faoin scéim seo sa bhliain 2008.

## POBAL AGUS FIONTAR

Is í an Rannóg Pobail agus Fiontair atá freagrach as tacú le hobair an Bhoird Forbartha Contae, as prionsabail maidir le Cuimsiú Sóisialta a dhaingniú sa Chomhairle agus in eagraíochtaí Comhaltaí Boird eile, nuair is féidir é. Tacaíonn sí le raon struchtúr agus clár lena n-áirítear RAPID, Fóram Pobail agus Deonach an Chontae, Comhairle na nÓg, Coiste Cúram Leanaí an Chontae, Ionad Oibrithe Deonacha Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin agus an Coiste ar Bhearta an Chuimsithe Shóisialta.

### AN BORD FORBARTHA CONTAE

Is comhpháirtíocht idir rialtais áitiúla, comhlachtaí forbartha áitiúla, ionadaithe gníomhaireachtaí stáit agus na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear an earnáil phobail agus dheonach é Bord Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Áirítear iad seo a leanas ar ghnóthachtálacha sa bhliain 2008:

- Athbhreithniú ar Straitéis Bhord Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (2002 – 2012) agus Plean deiridh Forfheidhmithe agus Gníomhaíochta na Straitéise 2009-2012 a fhorbairt.
- Tuairisc chuimsitheach chun dáta ar Phróifíl an Chontae ina leagfaí béim ar príomhtháscairí socheacnamaíochta agus déimeagrafacha chomh maith le sraith de léarscáileanna ina léireofaí na cineálacha éagsúla táscairí sa chontae.
- Imeachtaí bliantúla ilghníomhaireachtaí amhail na Gradaim Envirocom agus an tSeachtain Fiontar a chomhdhlúthú.
- An Seimineár rathúil faoin nGeilleagar Eolasbhunaithe a reáchtáil inar cíoradh agus inar pléadh geilleagar eolasbhunaithe an chontae a spreagann forbairt eacnamaíoch áitiúil.

### ATHBHEOCHAN CEANTAR TRÍ PHLEANÁIL, INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT (RAPID)

Tá an clár RAPID bunaithe i gceantair Bhaile Uí Lachnáin agus Sheangánaí/Ráth Salach de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is í aidhm an chláir saol maireachtála agus deiseanna níos fearr a chur ar fáil do chónaitheoirí na gceantar seo.

Seoladh próiseas cuimsitheach pleanála sa bhliain 2008 chun plean nua RAPID a chur i dtoll a chéile don bhliain 2008 – 2013. Leagtar na hocht dtosaíocht théarmacha a dtabharfar aghaidh orthu amach sa phlean seo: Sábháilteacht Pobail, An Óige, Sláinte, Tacaíocht Teaghlaigh, Oideachas, Oilíúint & Fostaíocht, Forbairt Pobail, Comhshaol Fisiceach.

D'éascaigh an clár RAPID líon mór cruinnithe idir gníomhaireachtaí agus grúpaí áitiúla pobail chun raon gníomhartha a bheidh le forbairt faoi gach príomhchuspóir a aithint agus comhaontú a dhéanamh orthu.

Thacaigh RAPID sa bhliain 2008 le líon áirithe tionscadal pobail teacht ar acmhainní agus ar thacaíocht ó na foinsí maoinithe seo a leanas:

- An Scéim um Fheabhsú Eastát faoin gClár RAPID 2007 - 2008
- An Scéim um Mhoilliú Tráchtá faoin gClár RAPID 2007 - 2008
- Ciste na gCuntas Díomhaoin 2008
- An Ciste Caipitil Spóirt 2007

### AN tAONAD UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA

Próiseas is ea an Cuimsiú Sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh agus ar mhíbhuntáiste. Oibríonn An tAonad um Chuimsiú Sóisialta sa Chomhairle agus i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí seachtracha chun beartais agus cleachtais an chuimsithe a chur chun cinn i nDún Laoghaire- Ráth an Dúin. Áirítear iad seo a leanas ar ghnóthachtálacha sa bhliain 2008:





*Oibríthe deonacha ag saothrú go dian dícheallach i gCnocán na Rós*

- Leanadh le clár ina raibh lámh ag rannóga chun an tseirbhís do chustaiméirí a fheabhsú trí fhoirmeacha a phromhadh ó thaobh Béarla/Gaeilge simplí de.
- An Clár Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta 2008 a chur i dtoll a chéile agus a sholáthar trí thionscnaimh amhail Lá Domhanda na nDídeanaithe; an Comórtas Grianghrafadóireacht Oscailte agus tacú le ‘Festival Times’ i gcomhair Fhéile na gCultúr Domhanda
- Soláthar Ghníomhartha Bhliain a hAon/B dó den straitéis idirghníomhaireachta ‘Tréim a Tharraingt le Chéile: Plean Frithchíochais agus Éagsúlachta do Dhún Laoghaire - Rath an Dúin (- tagann an tionscadal seo faoi scáth an Choiste ar Bhearta an Chuimsithe Shóisialta/An Bhoird Forbartha Contae)
- Cur i gcrích an Phlean ‘Seirbhísí níos Fearr don Lucht Siúil’ a éascú

## COMHAIRLE NA NÓG

Is iad na Boird Forbartha Contae atá freagrach as forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta um Chúram Leanaí a chomhordú go háitiúil. Sprioc thábhachtach den straitéis is ea go mbunófaí Comhairle na nÓg i ngach contae. Eagraíocht is ea Comhairle na nÓg a spreagann daoine óga bheith rannpháirteach i seirbhísí sa chontae a phleanáil agus a sholáthar.


Is grúpa stiúrtha, ar a bhfuil foireann shinsearach de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Bhoird Fiontar Contae, Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, Choiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath, chomh maith le Cathaoirleach Fóram Pobail agus Deonach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhéanann

maoirseacht ar fhorbairt na Comhairle. Áirítear iad seo a leanas ar ghnóthachtálacha sa bhliain 2008:

- Tháinig Comhairle na nÓg le chéile go rialta agus tá toscairí as iar-bhunscoileanna agus as eagraíochtaí don óige sa chontae ar an gcomhairle. Toghadh oifigigh ag an gcruinniú cinn bhliana. Bunaíodh foghrúpaí le cabhair ó oibrí forbartha Chomhairle na nÓg chun na pleananna oibre do gach aon bhliain a chur chun cinn.
- Tionóladh seimineár d’iompar poiblí i mí na Samhna 2008. Rinne oifigigh shinsearach a Bhus Átha Cliath, LUAS agus Iarnród Éireann cur i láthair agus bhí seisiún bríomhar de cheisteanna agus de fhreagraí ann ina dhiaidh sin ar ar fhreastail 75 duine óg ón gcontae.
- Ghlac comhaltaí uile na Comhairle páirt i lá oiliúna chun scileanna ceannairí a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí - lá a d’eagraigh Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire.
- D’fhreastail seisear toscaire ar Dháil Bhliantúil na nÓg agus toghadh comhalta amháin ar Choiste náisiúnta Chomhairle Dháil na nÓg.
- Tionóladh dhá sheimineár oiliúna do mhúinteoirí i mBealtaine agus Meán Fómhair 2008.

## COISTE CÚRAM LEANAÍ AN CHONTAE

Is é sainordú Choiste Cúram Leanaí Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chinntiú go bhfuil “raon de roghanna cúram leanaí atá inacmhainne agus teacht go héasca orthu ar fáil agus á soláthar sa Chontae, atá ar ardcháilíocht agus ar ardchaighdeán agus iad dírithe ar leanaí agus oiriúnach do riachtanais aonair an linbh”.



Barry Andrews, An tAire Leanaí & Gnóthaí Óige, Darragh Nolan, Cathaoirleach Chomhairle na nÓg, Sandra Trappe, Comhordaitheoir Chomhairle na nÓg, ag Seimineár Iompair Chomhairle na nÓg faoi Shamhain 2008

Is iad seo a leanas na naisc idir an Bord Forbartha Contae agus Coistí Cúram Leanaí an Chontae:

- Is grúpa oibre den Bhord Forbartha Contae Coiste Cúram Leanaí an Chontae.
- Is comhaltaí den Bhord Forbartha Contae agus den Choiste ar Bhearta an Chuimsithe Shóisialta iad Cathaoirleach agus Bainisteoir Choiste Cúram Leanaí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi seach. Bíonn ball foirne den Rannóg Pobail agus Fiontair ina chomhalta nó ina comhalta de Choiste Cúram Leanaí an Chontae.

## FÓRAM POBAIL AGUS DEONACH AN CHONTAE

Is í príomhaidhm an Fhórait, ar a bhfuil breis is 400 eagraíocht, na tuairimí a léirítear san earnáil phobail, dheonach agus san earnáil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste a nochtadh agus a chur in iúl agus Cuimsiú Sóisialta, Saoránacht Ghníomhach agus Saorálaíochas a chur chun cinn sa Chontae. Cuireann an Rannóg Pobail agus Fiontair tacaíocht riaracháin ar fáil don Fhóram. Áirítear iad seo a leanas ar ghnóthachtálacha sa bhliain 2008:

- 4 nuachtlitir a fhoilsiú
- An suíomh gréasáin ([www.dlrcommunityforum.ie](http://www.dlrcommunityforum.ie)) a fheabhsú
- Leanadh le bunú coistí líonraithe ceantair chun feabhas a chur ar mhodhanna cumarsáide
- Bunaíodh comhpháirtíocht idir an Fóram agus an tArdán Pobail, chun líonrú agus forbairt pobail a fheabhsú idir na grúpaí go léir i gceantar RAPID
- Tacaíodh go leanúnach le Comhairle na nÓg trí shaineolas a chur ar fáil maidir le nuachtlitir a fhorbairt
- Glacadh páirt i Lá Fiontair an Chontae, Féile na Bealtaine agus Lá Domhanda na nDídeanaithe
- Scaipeadh aláraim dheataigh faoin gClár don Athrú sna Seirbhísí Dóiteáin. (Dáileadh 1000 aláram; ceannaíodh an 500 aláram deiridh faoi chéim 3 den Chlár agus táthar réidh anois lena ndáileadh ar dhaoine bhreacaosta. Is tionscadal comhoibritheach é seo i gcomhar le Líonra Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin do Dhaoine Breacaosta.)

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as raon leathan de sheirbhísí, idir sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha san eagraíocht, a sholáthar agus a bhainistiú. Áirítear iad seo a leanas ar na seirbhísí seo:

- Cruinnithe Comhairle
- Bainistíocht Saoraidí
- Oifig Chumarsáide
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí
- An Oifig ACCESS

### AN CHOMHAIRLE CONTAE

28 Comhairleoir Contae as na Toghcheantair seo a leanas atá ar an gComhairle féin: Dún Droma, Gleann Cuilinn, Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire agus An Baile Breac.

Tionóladh na cruinnithe seo a leanas de chuid na Comhairle Contae sa bhliain 2008:

- 15 cruinniú de chuid na Comhairle Contae, lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil agus cruinniú amháin faoin mBuiséad
- Cruinniú amháin idir-údaráis le Comhairle Contae Átha Cliath Theas
- 18 cruinniú de chuid Choiste Limistéir Dhún Droma
- 18 cruinniú de chuid Choiste Limistéir Dhún Laoghaire
- 22 cruinniú de chuid na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach

**TABHAIR FAOI DEARA: Comhthoghadh Ruairí Holohan chun an folúntas a d'fhág an Comhairleoir Nessa Childers, nuair a d'éirigh sí as, a líonadh.**

### DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

D'fhaomh Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin an Scéim Deontas Ardoideachais 2008 ag a gcruinniú i Meán Fómhair 2008.

Líon na nIarratas Nua	491
Líon na ndeontas nua a bronnadh	247
Líon na nDeontas Athnuachana a Bronnadh	498

Bronnadh deontais ar 745 mac léinn faoin Scéim Deontas Ardoideachais 2008/2009 agus ba €3.3 milliún an caiteachas iomlán.

### CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh an Clár deiridh do Chlár na dToghthóirí 2008/2009 ar an 1ú Feabhra 2008 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 15ú Feabhra 2008.

Ba 149,162 líon iomlán na dtoghthóirí ar an gClár deiridh agus is é seo a leanas an briseadh síos a dhéantar ar na Toghcheantair:

	LÍON NA TOGHCEANTAR	LÍON NA D'TOGHTHÓIRÍ	LÍON NA TOGHCEANTAR	LÍON NA D'TOGHTHÓIRÍ
An Baile Breac	25,915	Dún Droma	29,306	
An Charraig				
Dhubh	21,779	Gleann Cuilinn	20,252	
Dún Laoghaire	32,375	Stigh Lorgan	19,535	

Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí don tréimhse 2009/2010 ar an 1 Samhain 2008. Tháinig 1% de laghdú go 147,475 ar an líon iomlán a bhí ar an Dréachtchlár.

## OIFIG DHÚN DROMA

Tionóladh na cruinnithe seo a leanas mar chuid de na cruinnithe a dtugtar breac-chuntas orthu thuas in Oifig Dhún Droma sa bhliain 2008:

Cruinnithe Coiste Limistéir Dhún Droma	15
Cruinniú na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach	6
Comhchoiste Limistéir	1
Cruinnithe O & P	1
Toscaireachtaí	3
Cruinnithe eile Rannóige	47
Cruinnithe faoi Thithíocht Incheannaithe/sínigh	4
Taispeántais/Taispeántais Phoiblí	40
Cruinnithe Eolais don Phobal	3

## SCÉIMEANNA NA MBÉILÍ SCOILE

Baineann 11 Bunscoil i gceantar Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin leas as an scéim.

## TOSCAIREACHTAÍ

Tionóladh 17 cruinniú toiscaireachta san iomlán a rabhthas tar éis iad a chur ar bhonn foirmiúil le linn na bliana.

## CÚIRT AN CHRÓINÉARA

Tuairiscíodh 1188 bás sa bhliain 2008 agus rinne an Cróinéir 593 scrúdú iarbháis agus 285 ionchoisne.

## AN TSLÍ DÁLA/AN HALLA TIONÓIL A FHRUILIÚ

Cuireadh trí shaothar phéintéireachta agus saothar grianghrafadóireachta amháin ar taispeántas sa tSlí Dála sa bhliain 2008. Bhain coláistí áitiúla úsáid as an tSlí Dála/Halla Tionóil freisin le haghaidh scrúduithe agus seónna deireadh bliana agus d'éagraigh an Bord Seirbhíse Fuilaistriúcháin clinici deonaithe fola inti agus bhain an Chomhairle úsáid aisti freisin do thionscadail phobail, taispeántais, an tsraith bhliantúil den tSuiteáil Ealaíne agus Féile na gCultúr Domhanda.

## SOLÁTHAR

D'fhógair agus d'oscail an Chomhairle 114 glao ar thairiscint sa bhliain 2008. Fógraíodh 12 de na glaonna ar thairiscintí seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

## AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE (SF)

Fuarthas 58 iarratas SF san iomlán sa bhliain 2008 agus b'iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis phearsanra ab ea 18 de na hiarrataí. Glacadh 53 breith ar iarratais sa tréimhse chéanna mar seo a leanas:

Iarrataí a deonaíodh	18
Iarrataí a deonaíodh i bpáirt	23
Iarrataí a diúltaíodh	12

## CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Rinneadh 2 ghearán oifigiúla leis an gComhairle sa bhliain 2008.

## INROCHTAINEACHT

- Tionóladh an seisiún deiridh comhairliúcháin i ndáil le Plean ar Inrochtaineacht na Comhairle in Ionad Pobail Theach Naithí go luath in Eanáir 2008.
- Tionóladh 8 gcruinniú de Ghrúpa Comhairliúcháin Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin um Míchumas le linn na bliana inar pléadh raon de shaincheisteanna

**You wouldn't park here...**

**...so why park on the pavement?**

Parking illegally on the pavement effectively forces people with disabilities, wheelchair users, parents with pushchairs, older people and all pedestrians onto the roadway and into traffic.

Please remember that accessible car parking spaces are strictly reserved for current Blue Badge Holders. These spaces are essential for people with disabilities to allow them to enjoy safe and independent access to shops, churches and entertainment areas etc. As part of the Dun Laoghaire-Rathdown County Council's ongoing Disability Awareness Initiative, supported by the Local Disability Consultation Group, we ask drivers to obey current parking byelaws and above all please think before you park!

**Please think before you park!**

**SAFE DRIVING SAVES LIVES**

Produced with assistance from the National Disability Strategy Fund

Feachtas 'páirceáil ar bhealach tuisceanach agus cúramach' á réachtáil ag an gComhairle Contae le linn 2008



lena n-áirítear: leithris phoiblí inrochtana i reiligi, spásanna páirceála inrochtana, rochtain ar fháiltiú Halla an Chontae, togra don scéim um tharscaoileadh dramhaíola, saoráidí inrochtana pobail, plean forfheidhmithe inrochtaineachta na Comhairle Contae, deontais d'oiriúnú tithe, an lá náisiúnta feasachta ar mhíchumas agus an feachtas 'páirceáil ar bhealach tuisceanach agus cúramach'

- Sáraíodh an sprioc 3% (5.34%) dá dtagraítear san Acht um Míchumas 2005 maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú.
- €480,000 a tarraingíodh anuas as Ciste na Straitéise Náisiúnta Míchumais i ndáil le hoibreacha inrochtaineachta
- Cuireadh feabhas ar inrochtaineacht ag na leabharlanna poiblí éagsúla, agus tosaíodh ar oibreacha feabhsúcháin maidir leis an inrochtaineacht i spás fáiltithe Halla an Chontae
- Rinneadh beofhiseán staire den léirfheidhmiú a dhéantar ar an dara hurlár uachtarach nach mbíonn rochtain air de ghnáth in Ionad Oidhreachta Dheilginse chun taithí an chuariteora faoi mhíchumas a fheabhsú
- Rinneadh iniúchtaí inrochtana sráide i gceantair Áth an Ghainimh, Chill Iníon Léinín, An Bhaile Bhric, Chábán tSíle, Bhaile an Teampaill, Bhaile an Bhóthair, Ghlas Tuathail, Bhaile na Manach agus Sheanchille
- Cuireadh rampa nua do chathaoirí rothaí ar fáil i bPáirc an Bhaile Nua
- Rinneadh uasghrádú ollmhór ar chosáin ar Ascaill Bhaile an Róistigh (in aice leis an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin)
- Seoladh tionscnamh nua 'páirceáil ar bhealach tuisceanach agus cúramach' ar an lá náisiúnta feasachta ar mhíchumas.

## AN OIFIG CHUMARSÁIDE

Is í an Oifig Chumarsáide atá freagrach as an gcumarsáid chorparáideach agus as an eolas corparáideach go léir a bhainistiú. Feidhmíonn an oifig mar lárphointe teagmhála don chaidreamh go léir leis na meáin agus is aici atá an príomhról ó thaobh clú na Comhairle a bhainistiú. Tosaíocht de chuid na hoifige is ea a chinntiú go mbíonn na teachtaireachtaí corparáideacha soiléir, leanúnach agus rialaithe.



Iomaitheoirí na gCluichí Oilimpeacha Speisialta ag Fáiltiú a d'eagraigh Oifig Rochtana na Comhairle i Halla an Chontae

Áirítear iad seo a leanas ar na príomhtháirgí insoláthartha sa bhliain 2008:

- pleanáil straitéiseach na cumarsáide a éascú sna rannóga go léir
- caidreamh leis na meáin
- beartas ar bhainistiú taifead a fhorfheidhmiú sna rannóga
- bainistiú imeachtaí
- príomhfhóilseacháin na Comhairle a chur i dtoll a chéile mar shampla tuarascáil bhliantúil; dlr times
- forbairt an tsuímh ghréasáin
- nuachtlitir na foirne a fhoilsiú uair sa choicís
- iarrataí ar shaoráil faisnéise/ar chosaint sonraí/ón ombudsman a bhainistiú/a chomhordú

Áirítear na freagrachtaí seo a leanas ar fhreagrachtaí breise na hOifige – tacú le hoifig an Chathaoirligh agus Scéim Teanga na Comhairle a fhorfheidhmiú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

# CULTÚR, FORBAIRT POBAIL AGUS CONLÁISTÍ

Tá an Rannóg Cultúir, Forbartha Pobail agus Conláistí freagrach as ionaid phobail; páirceanna agus spásanna faoin aer; leabharlanna; agus raon de chonláistí cosúil le tráanna, reiligí, áiteanna súgartha, saoráidí áineasa faoi dhíon agus taobh amuigh, dhá theach stairiúla, calaí/céanna agus leithris phoiblí a bhainistiú agus a fhorbairt. Tá sí freagrach freisin as na healaíona, an oidhreacht, bainistiú imeachtaí, cosaint an chósta, corrrhrádáil, fodhlíthe agus nascadh bailte.



*Seachange- Leis an ealaíontóir Patricia McKenna arna choimisíniú mar chuid de chlár Áit & Céannacht na Comhairle le maoiniú ó Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Grianghraf: Mark Boland)*



*Trá Chill Iníon Léinín*

## AN OIFIG EALAÍON

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin tiomanta clár ealaíon agus cultúir d'ardchaighdeán a leagan amach agus sa bhliain 2008 lean an Chomhairle le raon spleodrach d'fhéilte, de thaispeántais, de léirithe agus de thionscnaimh a chur ar siúl lena n-áirítear Féile na gCultúr Domhanda, Féile Filíochta Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 'Poetry Now', Féile Rince na nÓg, Taispeántas na nAmharcealaíon ar an tSlí Dála, Clár Cónaitheachta na nEalaíontóirí, an Clár 'Ealaíontóirí i Scoileanna', Bailiúchán Contae agus an tsraith de Cheolchoirmeacha sna Tithe Móra a fhorbairt.

Ghlac an Oifig Ealaíon cúram bainistíochta an Grainstore, Cábán tSíle, uirthi féin i Meán Fómhair 2008 agus chuir sí tús le clár oibreacha chun an foirgneamh a athfhorbairt mar shaoráid ealaíon don óige don Chontae.

Áirítear an clár ealaíne poiblí 'Áit agus Céannacht' a chur ar siúl i ngach ceann de na sé thoghcheantar ar ghnóthachtálacha eile sa bhliain 2008.

## TRÁNNA/UISCE SNÁMHA AGUS SÁBHÁILTEACHT

Bronnadh brait ghorma ar thrá Rinn na Mara agus ar thrá Chill Iníon Léinín sa bhliain 2008. Bronnadh Gradaim an Chósta Ghlais ar Chuas an Ghainimh agus ar Thrá na Carraige Báine.

## ÚIRLEACHAIS

Lean an Chomhairle uirthi leis an gcothabháil ar dhá reilig atá faoina cúram i nGráinseach an Déin agus i Seangánach. Is mór an slacht a chuir na cosáin nua, an tírdhreachú, an crannliacht agus plandáil na gcrann ar an dá reilig sa bhliain 2008.



Amhránaithe ón mBulgáir le linn Féile na gCultúr Domhanda (Grianghraf: Conor Magee)

## FORBAIRT POBAIL

Soláthraíonn rannán na Forbartha Pobail bonneagar fisiceach bunúsach agus breithníonn sí an ghné dhaonna den fhorbairt áitiúil san am céanna.

Éascaíonn an Chomhairle 11 fóram bainistithe eastát anois.

Cuireadh tús le dearadh Champas nua Samuel Beckett agus cuireadh tús chomh maith leis an obair thógála ar shaoráidí pobail Fhearann na Cluana agus Chrosaire Lamb.

Cuireadh an obair athchóirithe ar Theach Pháirc Sheangánaí i gcrích agus cuireadh an obair thógála ar shaoráidí don óige i gCois Cairn, sa Naigín agus i mBaile Uí Ógáin i gcrích agus osclaíodh na saoráidí.

Is gearr go gcuirfeadh tús leis an obair thógála ar na saoráidí nua pobail i nDroichead na gCloch agus ar an láthair ina raibh galfchúrsa Dhún Laoghaire tráth.

Ceiliúradh ar Imeachtaí Forbartha Pobail:

- Bealtaine
- Gradaim phobail
- Laethanta spraoi do theaghlaigh
- Tionscadail an tSamhraidh

## SPÓRT

D'éirigh le hIonad Linn Snámha agus Corpacmhainne Bhaile na Manach Gradam an Bhrait Bháin a choinneáil a bhronn Bainistíocht Chonláistí agus Fóillíochta na hÉireann agus An Taisce orthu.

Cuireadh tús leis an obair thógála ar Ionad nua Shruthán na Cluana i nDún Droma in Eanáir. Beidh linn snámha 25 méadar, linn snámha do leanaí, giomnáisiam, cúirt leadóige, páirc imeartha ildromchla agus dhá pháirc imeartha le dromchlaí saorga sa tsaoráid nua. Déanfar na

cúirteanna scuaise a athchóiriú mar chuid den athfhorbairt chomh maith.

Chuathas i mbun athchóiriú ollmhór ar Ionad Fóillíochta Bhaile Uí Lachnáin. Áiríodh leis sin díon nua, fuinneoga nua, córas teasa cothrom le dáta, córas aerála agus córas leictreach. Bunaíodh seirbhísí Fóillíochta Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin chun saoráidí na Comhairle a stiúradh.

Ghlac breis agus 2,000 duine páirt i gclár forbartha spóirt agus oiliúna lena n-áirítear clár Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin 'Spraoi i ndiaidh na Scoile Trí Spórt', Sportsfest do dhaoine breacaosta agus gníomhaíochtaí spóirt sa tráthnóna/ar an deireadh seachtaine i bpobail áitiúla.

## OIDHREACTH

Ba í an bhliain 2008 an cúigiú bliain d'fhorfheidhmiú Phlean Oidhreachta Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin. Cuireadh Plean Bithéagsúlachta an Chontae i dtoll a chéile mar thoradh ar phríomhthionscadal an Phlean Oidhreachta.

Sheol an Chomhairle tionscnamh nua ar a dtugtar Samhradh na hOidhreachta i dteannta thionscadail an Phlean Oidhreachta. Osclaíodh cuid de láithreáin oidhreachta an Chontae don phobal le linn mhíonna an tsamhraidh de bharr na dtionscadal seo. Áiríodh orthu seo, Teach Chábán tSile, An tAireagal i nDún Laoghaire agus an Oibilisc ar Chnoc Chill Iníon Léinín. D'éirigh go geal leis agus táthar ag súil an clár a leathnú amach sa bhliain 2009.

## CEOLCHOIRMEACHA PHÁIRC M HARLAÍ

Eagraíodh go leor ceolchoirmeacha i bPáirc Mharlaí sa bhliain 2008 lena n-áirítear bannaí ceoil cáiliúla fearacht Muse, Lenny Kravitz, Metallica, agus The Killers.

## MARGAÍ SNA PÁIRCEANNA

Tharraing na sluaite ar mhargaí na Comhairle Contae ar fud an Chontae sa bhliain 2008 agus bhí margaí ar siúl go rialta i nDún Laoghaire, i bPáirc Mharlaí agus i nDeilginis le linn na bliana.

## IMEACHTAÍ dlr

Bunaíodh suíomh gréasáin faoi imeachtaí na Comhairle [www.dlrevents.ie](http://www.dlrevents.ie) sa bhliain 2006.

Eagraíodh líon áirithe imeachtaí saor in aisce sa bhliain 2008 lena n-áirítear Lá Spionnadh Teaghlaigh, Picnic na mBéiríní, Taechóisir na nDreoilíní, scannáin faoin aer, Samhain, Píosaí Ceoil Ceolfhoirneacha sa Pháirc agus féile shoilse na Nollag.

## LEABHARLANNA

Cuireann Leabharlanna Poiblí Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin seirbhís atá saor in aisce ar fáil do na daoine siúd a bhfuil cónaí orthu, a oibríonn nó a bhíonn ag staidéar sa chontae. Ceann de phríomhchuspóirí Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin is ea cuspóirí náisiúnta a dtugtar breac-chuntas orthu in 'Ag Leathnú Amach : Treoir don Todhchaí 2008-2012', a foilsíodh le gairid, a fhorfheidhmiú. Ba mhór an dul chun cinn a rinne Leabharlanna Dhún Laoghaire –Ráth an Dúin sna réimsí seo a leanas: seirbhís don chustaiméir, uaireanta oscailte, gníomhaíochtaí cultúrtha, margaíocht, Teicneolaíocht na Faisnéise, bailiúchán leabhar agus seirbhísí leictreonacha ar líne. Tá Leabharlanna Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin tiomanta ó thaobh seirbhís den scoth a sholáthar agus caighdeán náisiúnta a bhaint amach.

Áirítear iad seo a leanas ar na príomhghnóthachtálacha sa bhliain 2008:

- Forbraíodh bailiúchán na leabharlainne a thuilleadh ionas go mbeadh 400,000 ní le fáil ar iasacht
- Tugadh breis agus milliún ní ar iasacht don phobal le linn 2008
- Ba iad Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an rannpháirtí ba mhó sa chlár 'Borrowbook' (iasachtaí idir na leabharlanna)
- Rinneadh féilte tábhachtacha náisiúnta cultúir a cheiliúradh
- Seoladh 'Sraith Glórtha' Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus rinneadh iad a phodchraoladh
- Forbraíodh 'Leabhair sa Pháirc' a thuilleadh
- Tugadh na Ríomhairí Pearsanta idirlín a mbaineann an pobal úsáid astu cothrom le dáta sna brainsí go léir

## SEIRBHÍSÍ PÁIRCEANNA AGUS TÍRDHREACHA

Leanamar ag cur leis an gcomhpháirtíocht atá againn leis an bhfoireann sa bhliain 2008 agus dá réir tá feabhas tagtha ar éifeachtacht na n-oibríochtaí, ar ár gcaighdeán chothabhála agus ar an gcuma atá ar spásanna glasa, ar shráidbhairte agus ar lár bailte.

### Pleanáil Chun Cinn agus Dearadh

Ba 2008 an ceathrú bliain den chlár bonneagair seacht mbliana. Ba mhór an méid acmhainní a leithdháladh chomh maith ar an bpleanáil a bhain le tionscadail a gcuirfead tús leis an obair thógála orthu sa tréimhse 2009/2010. Chuige seo cuireadh Máistirphlean Bhaile Amhlaoibh faoi bhráid na Comhairle agus cuireadh tús leis an obair dheartha ar na tionscadail seo a leanas:

- Páirc shintéiseach uile-aimsire imeartha sa Chéim
- Seomraí feistis i nGleann na Cluana, Páirc an Bhaile Nua, Páirc an Chuilinn
- Páirc imeartha uile-aimsire agus saoráidí spóirt a uasghrádú i bPáirc Chill Bheagóige
- Athdheisiú, athchóiriú, agus síneadh le teach an gheata agus leis na seomraí tae i bPáirc an Phobail

### Bainistiú Oibriúcháin

Tá breis is 800 heicteár i bpáirceanna agus spásanna faoin aer sa Chontae. Déanaimid cothabháil ar líon mór de pháirceanna agus spásanna faoin aer eile a chuireann raon de chonláistí áitiúla ar fáil chomh maith leis an obair chothabhála a dhéantar ar na páirceanna suaitheanta atá againn – Diméin Mharlaí; Páirc an Phobail agus an cladach; Páirc Chábán tSíle; Páirc Chnoc Chill Iníon Léinín agus Páirc na Carraige Duibhe. Is mór an éagsúlacht de chineálacha fearann páirce atá sa chontae idir spásanna uirbeacha agus páirceanna dúlra. Ceann de mhórchuspóirí na Seirbhísí is ea bithéagsúlacht inár spásanna uirbeacha agus glasa go léir a mhéadú.

Bíonn an lucht saothair agus an lucht saothair ar conradh i mbun clár suntasach oibre gach bliain lena n-áirítear a chinntiú go mbeadh an chothabháil a dhéantar ar na spásanna ar ardchaighdeán, Crannadóireacht (crainn a ghearradh siar, a leagan agus a chur) agus plandaí maisiúla a chur

### An Clár Oibreacha

Chuathas i mbun an chláir oibreacha nua seo a leanas sa bhliain 2008:

- Seomraí feistis i bPáirc Bhaile Thomáis
- Spás d'iliomad cluiche in Arda Bhaile na Lobhar
- Clós súgartha i bPáirc Mharlaí (Geata Bhaile an tSaoir)





Taibheoirí ag glacadh páirt i gClár Oidhreachtá Samhraidh na Comhairle i dTeach Chábán tSíle.

- Páirceanna imeartha a dhraenáil ar an Naigín, Bóthar an Hídigh, Baile Amhlaoibh, Tailte Pháirc an Bhaile Nua, Páirc Bhaile na Lobhar, Páirc Bhearna, Páirc Mharlaí, Bealach na Saor Cloiche agus páirceanna imeartha de chuid an CLG agus páirceanna imeartha sacair a dheisiú agus a athchóiriú ar láithreacha éagsúla.
- Ráillí a chur isteach i bPáirc Chill Bheagóige i bPlásóg na Fuinseoige agus síneadh a chur leis an gcarrchlós atá ar Bhóthar Radharc an Teampaill
- Eangach le liathróid a stopadh a chrochadh i bPáirc Sheangánaí agus leanúint ar aghaidh leis an gcosán agus an rotharbhealach
- Leithris a thógáil sa chlós súgartha i bPáirc Chábán tSíle
- An líonra cosán i bPáirc Chnoc Chill Iníon Léinín a atógáil
- Cuireadh tús leis an obair thógála ar na seomraí feistis i nGairdíní na Corónach Muire Thoir, agus ar athfhorbairt ghalfhcúrsa Mharlaí.
- Rinneadh mionoibreacha feabhsúcháin arna maoiniú ag gné na nOibreacha Speisialta dár mbuiséad ioncain ar 28 páirc agus spás faoin aer eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a chuir ionadaithe tofa agus cumainn áitritheoirí ar ár súile dúinn.

## Foirgnimh/Déanmhais

Tá clár leanúnach againn chun foirgnimh agus déanmhais oidhreachtá i bpáirceanna agus i spásanna poiblí a athchóiriú, a chaomhnú agus a thógáil. Ba iad na tionscadail a bhain le tús a chur leis an Oibilisc i Stigh Lorgan a athchóiriú agus a chaomhnú na tionscadail ba shuntasá a bhí idir lámha an bhliain seo caite. Cuireadh tús le hobair athchóirithe chomh maith ar an scáthlán agus ar an ardán Viteoiriach ar an gCé Thoir sa bhliain 2008 agus athshuiteálfar iad sa bhliain 2009. Rinneadh obair athchóirithe ar na geataí agus ar na piléir ag an mbealach isteach chuig Searbhóg, Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtar.

## Saoráidí Áineasa Taobh Amuigh

Déantar obair chothabhála ar raon leathan de chonláistí:

- Páirceanna Imeartha: Rinneadh obair chothabhála ar 76 páirc lena n-úsáid do raon spóirt lena n-áirítear cluichí gaelacha, sacar, rugbaí, cruicéad, babhláil, clibrugbaí agus cluichí bogliathróide.
- Galf: Déanann an Chomhairle obair chothabhála ar ghalfhcúrsa naoi bpoll sa Chéim. Cuireadh tús le hathfhorbairt Ghalfhcúrsa Mharlaí sa bhliain 2008 agus cuireadh i gcrích í sa bhliain 2009.
- Leadóg: Déanaimid freastal ar sheacht gclub leadóige pobail i bpáirceanna agus i gcúirteanna poiblí ar shé láthair eile ar fud an Chontae.
- Siúlóid agus Rothaíocht: Soláthraimid bealaí le dromchla orthu ar mhaithe le siúlóidí agus rothaíocht sna páirceanna agus ar na féarbhealaí líneacha.

## Tacaíocht Pobail

Bíonn teagmháil againn le raon leathan de ghrúpaí pobail agus deonacha (lena n-áirítear Grúpaí Bainistithe Eastát). Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích sa bhliain 2008:

- Crochadh fálú timpeall cúirteanna leadóige Moreen/Bn Draighin
- Leagadh 50 crann poibleoige i Radharc an Chnoic agus cuirfear crainn eile ina n-áit le linn 2009
- Crochadh dealbh talún i gCois Cairn, Ascaill Sheanchonach
- Claiseanna crann agus sciatha crann a uasghrádú i bhFearann na Cluana/Páirc Mhic Gearailt
- Cuireadh sraith de thionscadail oideachais ar an gcomhshaol i gcomhar le hlontaobhas Fiadhúlra na hÉireann ar fáil i mBaile Uí Ógáin, i mBaile Uí Lachnáin, Moreen/Bn Draighin.



# FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS PLEANÁIL

Is í an Rannóg Forbartha Eacnamaíoch agus Pleanála atá freagrach as forálacha nanAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2006, as forálacha na Rialachán um Pleanáil & Forbairt 2001-2007 agus as an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a fhorfheidhmiú.

Áirítear leis an obair sin athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair agus Plean nua Forbartha a chur i dtoll a chéile gach sé bliana, Pleananna Limistéir Áitiúil a chur i dtoll a chéile agus a fhorfheidhmiú, iarratais ar chead pleanála a mheas, forbairt leanúnach a rialú, reachtaíocht phleanála a fhorfheidhmiú, agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann le pleanáil agus le forfheidhmiú na reachtaíochta um Rialú Foirgníochta, idirbheartaíochtaí maoinne a riar, .i. fáil agus diúscairt, thar ceann na Comhairle, maoin na Comhairle a bhainistiú, an Clár Leasa Maoine a bhainistiú, agus an tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990, a chur i bhfeidhm.

## AN RANNÁN FORBARTHA

- Punann mhaoine na Comhairle a bhainistiú;
- Leas na Comhairle i bPáirc Eolaíochta & Theicneolaíochta Choill na Silíní a bhainistiú;
- Clár Leasa Maoine na Comhairle a chothabháil;
- Cigireachtaí agus forfheidhmiú faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 de réir mar is cuí; agus
- Seirbhís Thagartha a chur ar fáil a d'ullmhódh na Leabhair Thagartha d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh chomh maith

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE UM RIALÚ FORBARTÍ

- Ba 2,275 an líon iarratas pleanála a fuarthas sa bhliain 2008 agus b'ionann sin agus laghdú 19.7% ar fhigiúirí na bliana 2007

- Ba 371 an líon iomlán cinntí a d'eisigh An Bord Pleanála sa bhliain 2008 i ndáil le hachomhairc. D'athraigh/sheas An Bord Pleanála le cinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 297 [80%] den líon sin agus chuaigh an Bord siar ar chinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 74 [20%] den líon sin
- Sa bhliain 2008 bhí 14 togra de chuid na Comhairle Contae maidir le tabhairt faoi fhorbairt faoi réir ag próiseas comhairliúcháin phoiblí dá bhforáiltear faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001
- Cuireadh dhá iarratas mhóra phleanála a bhí faoi réir ag Ráiteas Tionchair Timpeallachta faoi bhráid na Comhairle sa bhliain 2008

Líon iarratas pleanála bailí a ndearnadh cinneadh orthu	2,096
Céatadán na n-iarratas bailí a ndearnadh cinneadh orthu taobh istigh de 8 seachtaine	79%
Céatadán deontas	73%
Céatadán cásanna a diúltaíodh	27%

## AN PLEAN FORBARTHA CONTAE 2004-2010

Rinneadh athrú amháin, maidir le criosú 'F', sa Ráiteas Scríofa ar Phlean Forbartha 2004-2010 le linn 2008. Ba é toradh an athraithe seo gur scriosadh "cónaitheach" de liosta na n-úsáidí a d'fhéadfaí a mheas.



Richard Cremins, Stúthóir Gníomhach, ag ócáid sheolta Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2008. Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ina ball den chomhpháirtíocht seo

## Athbheithniú agus ullmhú an Phlean Forbartha Contae nua 2010-2016.

Cuireadh tús leis an bpróiseas reachtúil dhá bhliain ar an 18ú Aibreán 2008, nuair a foilsíodh an fógra poiblí gur ceangal é, nuair a foilsíodh agus nuair a dáileadh an páipéar “Saincheisteanna agus Roghanna”, agus nuair a cuireadh tús le tréimhse chomhairliúcháin phoiblí 8 seachtaine.

Cuireadh tús le hullmhú an Dréacht-phlean i mí na Samhna 2008 i ndiaidh do na comhaltaí tofa a mbreithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha an Bhainisteora ar na haighneachtaí a fuarthas.

## AN SCÉIM RANNÍOCAÍ FORBARTHA

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha ar an 21/1/2004. Ba €50.50 milliún an tsuim iomlán a toibhíodh sa bhliain 2008 maidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha faoi Alt 48 agus fuarthas €29.16 milliún san iomlán an bhliain sin.

Tosaíodh ag ullmhú Scéim Ranníocaí Forbartha nua, faoi Alt 48, don tréimhse 2010-2015 ag teannadh le deireadh na bliana 2008.

## SCÉIM RANNÍOCAÍ FORBARTHA FHORLÍONTACH

Ghlac an Chomhairle le Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach faoi Alt 49 ar an 13/1/2003. Ceanglaítear léi go n-íocfaí ranníoc airgeadais i leith an chostais a bhainfeadh le fad a ligean le Líne B den Luas ó Iosta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní, sé sin Líne B1 den Luas.

Ba €11.25 milliún an tsuim iomlán a toibhíodh sa bhliain 2008 maidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach. Fuarthas €2.98 milliún san iomlán sa bhliain 2008.

Ghlac an Chomhairle chomh maith le Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach faoi Alt 49 ar an 10/11/2008 ar mhaithe leis an bhforbairt ar Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus Scéim Linnte Tanúcháin Uisce Dromchla a mhaoiniú.


## PLEANANNA LIMISTÉIR ÁITIÚIL

Tá cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae 2004-2010 i dtaobh líon áirithe de Phleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú agus sa bhliain 2008 leanadh leis an obair a bhain leis na Pleananna agus na Staidéir Limistéir Áitiúil seo a leanas a ullmhú:

- Plean Limistéir Áitiúil Choill na Silíní-Ráth Mhichíl/ Crios Forbartha Straitéisí
- Plean Limistéir Áitiúil Ghráinseach an Déin
- Plean Struchtúir Uirbigh Na Carraige Duibhe
- Plean Limistéir Áitiúil Ghleanntán na Raithní
- Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh

Leanadh ar aghaidh leis an measúnú ar na cúig Limistéir Chaomhantais Ailtireachta seo a leanas:

- Pointe Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh
- Bóthar Silchester, Gleann na gCaorach



Saincheisteanna & Roghanna i dtaobh An Dréachtphlean Forbartha 2010-2016

- Ardán Bhaile Amhlaoibh, Áth an Ghainimh
- Iostáin an Chaisleáin, Cluain Sceach
- Iostáin Moss, Cill Tiarnáin

Ghlac an Chomhairle le Plean Limistéir Áitiúil Ghleann Cuilinn sa bhliain 2008.

Eagraíodh Comhairliúcháin Phoiblí, réamhdhréacht-phlean, i rith na bliana maidir leis na Pleananna Limistéir Áitiúil a bheartaítear do Sheanchonach agus do Bhaile na nGabhar.

## **FORFHEIDHMIÚ AGUS ALT A CÚIG DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT**

Baintear feidhm as Alt a Cúig lena fháil amach cibé an mbíonn nó nach mbíonn forbairt díolmhaithe ó chead pleanála.

- Osclaíodh 523 comhad nua san iomlán sa bhliain 2008 agus fuarthas réiteach ar 243 cás le linn na bliana.
- Próiseáladh 121 iarratas ar Dhearbhú nó ar Tharchur, faoi Alt a Cúig den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 sa bhliain 2008. Cuireadh 12 iarratas ar aghaidh chuig an mBord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.

## **RIALÚ FOIRGNÍOCHTA**

- Fuarthas 900 fógra tosaithe sa bhliain 2008 agus rinneadh cigireachtaí de bhun na bhfógraí sin ar 15% de na foirgnimh ar tugadh fógra fúthu.
- Ghlac an Chomhairle naoi n-eastát/bhforbairt ar láimh sa bhliain 2008.

## **RIALACHÁIN FUINNIMH FOIRGNEAMH**

Ceanglaítear faoi na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach 2006 (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) go mbeadh Teastas Rátála Fuinnimh Foirgnimh ag na foirgnimh go léir. Ba é an 1ú Eanáir 2007 an dáta tosaithe d'áitribh nua, 1ú Iúil 2008 an dáta tosaithe d'fhoirgnimh ghnó nua agus 1 Eanáir 2009 d'fhoirgnimh atá ann cheana agus a bheadh le díol nó le ligean ar cíos.

Is í feidhm an Údaráis Rialaithe Foirgníochta na Rialacháin a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. D'iarr an Rannán Rialaithe Foirgníochta Teastais Rátála Fuinnimh Foirgnimh i leith 15% de na foirgnimh chónaithe nua sa bhliain 2008.

## COMHSHAOL AGUS SEIRBHÍSÍ UISCE

Soláthraíonn an Rannóg Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce raon seirbhísí riachtanacha agus is í atá freagrach as soláthar, cothabháil agus bainistiú an tsoláthair uisce phoiblí agus na gcóras uisce ar fud an Chontae agus is í atá freagrach freisin as bainistiú dramhaíola, bailiúchán/diúscairt dramhaíola, feacht agus forfheidhmiú comhshaoil.

### TIONSCADAIL CHAIPITIL

#### Scéim Soláthar Uisce Ardleibhéil Áth an Ghainimh

- Scéim chun bonneagar cuí dailte uisce a chur ar fáil i limistéir fhorbartha nua agus i limistéir atá i mbéal forbartha sa chomharsanacht in Áth an Ghainimh, Baile Uí Ógáin, An Chéim agus Cill Tiarnáin
- Tá an obair thógála ar siúl agus táthar ag súil go gcríochnófar í i mí na Nollag 2009.

#### Scéim Phríomhchóras Draenála Sheangánaí/Bhré

- Conradh Uimh. 1; Ionad Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú chun cóireáil thánaisteach iomlán fuíolluisce a chur ar fáil do dhobharcheantair Sheangánaí agus Bhré. Déanfaidh an t-ionad freastal ar dhaonra measta de 180,000 duine
- Cuireadh tús leis an obair thógála i ndeireadh na bliana 2008 agus táthar ag súil go gcríochnófar í sa bhliain 2011.

#### Scéim Feabhsúcháin Srutha Dhún Carúin/ Maretimo

- Táthar le tús a chur leis an scéim maolaithe tuilte ag deireadh na bliana 2009 agus táthar ag súil go gcríochnófar í sa bhliain 2010

#### Scéim Uisce & Draenála Sheanchonach/Shruthán na Coille

- Scéim soláthair uisce agus draenála do thailte críosaithe i ndeisceart an Chontae

- Gné an Uisce: Ag feitheamh fhaomhadh na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil don Réamhthuarascáil
- Gné na Draenála: comhairleoirí innealtóireachta le ceapadh chun an réamhthuarascáil a ullmhú

### OIBRÍOCHTAÍ

Rinneadh 803 suirbhé san iomlán ar na córais draenála tithe atá ar Abhainn Ghráinseach an Déin agus aithníodh agus cuireadh caoi ar 63 mhí-nascadh. Chuir an Rannán Truaillithe Uisce tús le clár chun ceadúnais a eisiúint maidir le haschur olaí agus saille as bialanna, óstáin, ceaintíní agus bialanna beaga sa Chontae.

Tá na caighdeáin soláthair uisce i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin i measc na gcaighdeán is fearr in Éirinn ó thaobh cáilíochta, iontaofachta agus rialú sceite.

### Bainistiú Dramhaíola

Comhordaíonn An Rannán Bainistithe Dramhaíola bailiú agus diúscairt na dramhaíola a bhíonn sna haraidí dubha/glasa agus sna haraidí uaine. Ba iad seo a leanas príomhphointí suntasacha na bliana 2008:

- Lorgaíodh tairiscintí chun seirbhís bhailiúcháin na n-araidí glasa i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur ar fáil.
- Phróiseáil ionad burlála Bhaile Uí Ógáin 19,138 tonna dramhaíola agus chuir chuig an láithreán líonta talún sa Chill í.
- Lorgaíodh léiriú spéise le seirbhís araidí donna agus seirbhís déanta múirín a chur ar fáil.



Leoraithe glanta sráide na Comhairle

## AN tAONAD FORFHEIDHMITHE

Cinntíonn an tAonad Forfheidhmithe Comhshaoil go gcomhlíonann táirgeoirí/oibreoirí dramhaíola na rialacháin reachtacha agus go gcuireann sé forálacha i réimsí éagsúla den reachtaíocht chomhshaoil lena n-áirítear forálacha dramhaíola, aeir agus torainn i bhfeidhm, nuair is gá.

Saoráidí Cláraithe/Ceadanna Eisithe	381
Cigireachtaí	654
Gearáin a rinneadh	311
Gníomhartha Forfheidhmithe	80

## PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN

Ba 13,133 tonna an tonnáiste d'ábhar in-athchúrsáilte a tarraingíodh chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

## IONAID ATHCHÚRSÁLA

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Ba 758.58 tonna an tonnáiste d'ábhar in-athchúrsáilte a tarraingíodh chuig an Ionad.

### Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Oslaíodh Ionad Athchúrsála Sheangánaí i Márta na bliana 2008. Glacann sé le hearraí beaga WEEE (dramhthrealamh leictreach agus leictreonach) chomh maith leis na hábhair in-athchúrsáilte a nglactar leo i bPáirc Éidin. Glacadh le 144.44 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte san ionad.

### Ionaid Beir Leat

Tá breis is 50 ionad á gcur ar fáil ag an gComhairle. Tugadh 3,773.30 tonna san iomlán d'ábhar in-athchúrsáilte chuig na hionaid le linn na bliana.

## SEIRBHÍS MAOR BRUSCAIR

Líon na Maor Bruscair	6
Líon na bhfíneálacha ar an láthair	1485
Líon Fíneálacha a iocadh	934
Líon na gCásanna Ionchúisimh a tionscnaíodh	179
Líon na gcásanna ionchúisimh daingnithe	19

## RIALÚ MADRAÍ

### LÍON CEADÚNAS EISITHE

Líon feithicil thréigthe a tógadh den láthair	313
Líon Madraí gaibhnithe	234
Líon Fíneálacha eisithe	336
Líon na gCásanna Ionchúisimh a tionscnaíodh	33
Líon na gCásanna Ionchúisimh ar éirigh leo	11

## RIALÚ CAPALL

Líon capall gaibhnithe	16
------------------------	----

## FEASACHT CHOMHSHAOIL

- D'éagraigh an Rannóg Comhshaoil, mar chuid d'Fhéile na gCultúr Domhanda, an taispeántas feasachta ar an gcomhshaoil 'Domhan Fionnuar' inar leagadh béim ar athrú aeráide
- Tháinig méadú go 46 ar líon iomlán na scoileanna glasa
- Eagraíodh seisiún eolais san oíche faoi Chumann na nÁitritheoirí agus faoi chomórtas na mBailte Slachtmhara





'Domhan Fionnuar' - taispeántas feasachta ar an gcomhshaol mar chuid d'Fhéile na gCultúr Domhanda

- Eagraíodh comórtas na gCeantar Slachtmhar
- Eagraíodh comórtas na Scoileanna Slachtmhara agus comórtas an Fhéilire Éiceolaíoch
- Cuireadh an feachtas chun eolas a scaipeadh faoi mhúirín a dhéanamh ar bun
- Bhí an Chomhairle rannpháirteach in Uair na Cruinne 2008
- Ghlac an Chomhairle páirt i bhFeachtas Náisiúnta in Aghaidh Guma Coganta



Rannpháirtithe i nGlantachán Náisiúnta Earraigh 2008

## GNÓ GLAS

- D'éagraigh agus mheas coiste ón bhFóram ar Chontae Sláintiúil ar a raibh an tOifigeach do Ghnóthaí Glasa **Gradaim Envirocom 2008**. Ba iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Fáilte Ireland, Energia, An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin urraithe na nGradam agus bhí gnóthaí móra corparáideacha, gníomhaireachtaí poiblí agus cuideachtaí gorlainne a fheidhmíonn sa chontae i measc na mbuaiteoirí.
- Tionóladh cruinníú céadphroinne san IMI i gcomhar le Repak agus Cumann Lucht Tráchtála Dhún Laoghaire chun aird a tharraingt ar na Rialacháin nua maidir le Pacáistiú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánacha. Ar iarraidh ó na foirne glasa tugadh cur i láthair in Dell, GlaxoSKB agus Pfizer le linn na **Seachtainí Glasa** chun dea-chleachtas comhshaoil a chur chun cinn.
- Leanadh de Chlár na nÚdarás Áitiúil um Chosc Dramháiola i gcomhar le hIonad Baile Dhún Droma agus tionóladh an cruinníú iomlánach do na 35 ionadaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó na hÚdarás Áitiúla in Ionad Baile Dhún Droma i Meán Fómhair 2008. Táthar ag súil bailchríoch a chur ar an Tionscadal i Meitheamh 2009 tráth a fhoilseofar cás-staidéar.

## AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as oibríochtaí na Comhairle, a bhaineann le cúrsaí Ioncaim agus Caipitil araon, a mhaoiniú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Áirítear raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú leis an bhfreagracht sin.

### BUISÉAD NA COMHAIRLE

An Buiséad foriomlán a ullmhú i gcomhairle le gach rannóg sa Chomhairle.

Ba €227,114,400 an Buiséad Ioncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2008.

### RÁTAÍ

Bíonn rátaí iníochta ar mhaoine tráchtála agus tionsclaíocha.

Cinneann na Comhaltaí tofa, tar éis don Bhuiséad a bheith measta gach bliain, an ráta bliantúil luachála a thobheofar an bhliain dár gcionn. Ba €68.72 an ráta bliantúil luachála don bhliain 2008.

#### COMHTHIOMSÚ STAITISTICÍ

Bliain	lomlán na Rátaí a Éilíodh €	lomlán na Rátaí a Bailíodh €	% a Bailíodh
2008	86,885,408	79,314,343	91.29
2007	84,068,450	79,465,704	94.53
2006	84,385,884	78,465,000	92.98
2005	70,697,972	65,936,868	93.27

### AN TACHT LUACHÁLA 2001

Leasaítear san Acht Luachála 2001 an dlí a bhaineann le luacháil inráitithe maoinne agus éascaíonn sé luacháil náisiúnta ar na luachálacha inráitithe go léir.

### TOBHACH NA CHÉAD BHLIANA

Tugadh an tobhach isteach faoin Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Ghnó) 2006 a achtaíodh ar an 24ú Nollaig 2006. Bíonn feidhm ag an tobhach maidir leis na maoinne nuathógtha go léir ón dáta a ndéantar na maoinne a luacháil chun críocha luachála, ag feitheamh rátaí tráchtála a thobhach.

#### COMHTHIOMSÚ STAITISTICÍ

Bliain	Tobhach lomlán Inbhailithe €	Tobhach lomlán a Bailíodh €	% a Bailíodh
2008	1,687,698	1,420,814	84.19

### MUIRIR DHRAMHAÍL TEAGHLAIGH

Toibhítear Muirir Dhramhaíl Chomhshaoil ón 1 Eanáir 2005 i leith ar gach teaghlach a bhaineann úsáid as an tseirbhís ar bhonn 'Íoc de réir Meáchain'. Ceadaítear do líon beag teaghlach íoc as lipéid mhalaí ó mhí Iúil 2005. Feidhmítear scéim tharscaoilte do theaghlaigh ar ioncam íseal agus/nó a bhraitheann ar leas sóisialach.

#### COMHTHIOMSÚ STAITISTICÍ

Bliain	Dochar Glan €	Méid glan a Bailíodh €	% a Bailíodh
2008	6,498,018*	10,109,604**	155%**
2007	13,447,157*	11,141,142**	82.85%**
2006	15,320,055*	11,038,372**	72.05%**
2005	14,206,659*	12,844,255**	90.41%**

\*Eisítear ráitis i riaráistí ar theaghlaigh bunaithe ar mheáchan agus ar an líon araidí a folmhaíodh faoin gcóras 'Íoc de réir Meáchain'. Áirítear na ceithre ráiteas ráithiúla don bhliain, lena n-áirítear an ráiteas deiridh, leis an dochar cé go n-eisítear é ar chustaiméirí tar éis dheireadh na bliana.

\*\*Is ionann an méid Glan a Bailíodh agus na hiocaíochtaí don bhliain reatha agus do na blianta roimhe sin araon, agus léirítear é sin chomh maith sa chéatadán iomlán a bailíodh.



#### STATISTICÍ AR

#### THARSCAOILEADH 2008 2007 2006 2005

Líon iomlán a	2008	2007	2006	2005
próiseáladh	5,456	5,313	5,337	4,777
Deonaithe	4,413	4,097	4,266	4,103
Diúltaithe	1,043	1,216	1,071	674

### BAILIÚ NA MUIREAR UISCE TRÁCHTÁLA

Is ar úsáid mhéadarthomhaiste a bhraiteann na muirir a ghearrfar do sholáthar uisce tráchtála. Cuireadh tús leis an tasc chun an t-uisce i maoine tráchtála a thomhas de réir méadair sa bhliain 2006 agus cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2008. Toibhíodh muirir de réir muirir sheasta agus muirir mhéadarthomhaiste sular cuireadh an tionscadal méadraithe i gcrích.

#### COMHTHIOMSÚ STATISTICÍ

Bliain	lomlán na Muirear Uisce a Éilíodh €	lomlán na Muirear Uisce a Bailíodh €	% a Bailíodh
2008	11,055,390*	3,465,923	31.35
2007	7,013,959*	2,998,785	42.75
2006	4,739,791*	2,439,468	51.47
2005	3,407,316	2,096,820	61.54

\*Eisítear billí i riaráistí. Áirítear bille deiridh bliana leis an dochar cé go n-eisítear é ar chustaiméirí tar éis dheireadh na bliana.

Cuireadh deireadh le Muirir Uisce Teaghlaigh ón 1 Eanáir 1997 i leith.

### CUNTAIS A ÍOC

Íoctar soláthraithe tar éis dóibh doiciméid bhailí chánach a chur ar fáil. Is trí Ríomhaistriú Airgid a dhéantar formhór na n-íocaíochtaí trína gcuirtear na híocaíochtaí isteach díreach i gcuntais bhainc na soláthraithe agus eisítear íocaíochtaí le seiceanna ar uairibh i gcás nach féidir Ríomhaistriú Airgid a dhéanamh. Íoctar an fhoireann agus na Comhairleoirí trí bhíthin an Ríomhaistrithe Airgid chomh maith.

Is é an banc seo a leanas Cisteoir na Comhairle: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Beidh soláthraithe i dteideal faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú, ús a fháil ar íocaíocht dheireanach maidir le híocaíochtaí nach ndearnadh taobh istigh den tréimhse fhorordaithe arb ionann sin agus 30 lá i gcás fhorhóir na n-íocaíochtaí.

### ÁRACHAIS

Is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta: Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóirí, Árachas Dóiteáin (Stoc Tithíochta), Árachas Dóiteáin (Maoine Ginearálta) agus Árachas Mótair. Soláthraítear clúdach iomlán.

### RÁITEAS BLIANTÚIL AIRGEADAIS

Ullmhaíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2007, a críochnaíodh sa bhliain 2008 ar bhonn fabhráithe cuntasaíochta agus áiríodh ann Clár Comhardaithe iomlán inar léiríodh na sócmhainní in úinéireacht na Comhairle agus na dliteanais atá dlite ar an gComhairle.

Is é nó í an tIníúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh ar na cuntais agus tuairiscíonn sé nó sí don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

# TITHÍOCHT

Bainistíonn an Rannóg Tithíochta stoc tithíochta na Comhairle. Áirítear teaghaisí a thógáil, a athchóiriú, a leithdháileadh, a chothabháil agus a dhíol, measúnú agus bailiú cíosa, iasachtaí ceannaigh tí agus deontais áirithe a bhronnadh, oibriú an Phlean don Tithíocht Shóisialta agus cóiríocht a sholáthar do theaghlaigh gan dídean ar a feidhmeanna.

Tá an Rannóg freagrach chomh maith as caighdeán foirgníochta a fhorfheidhmiú agus as leabhair chíosa a bhaineann le teaghaisí príobháideacha ar cíos a choinneáil cothrom le dáta. Tá an Rannóg freagrach chomh maith as bainistiú agus cothabháil na ngrúpscéimeanna tithíochta agus na láithreán stad agus as Clár Cóiríochta na Comhairle don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm. Cuireadh an fhreagracht as tionóntaí tiarnaí talún príobháideacha a fhaigheann Forlíonadh Cíosa ar feadh breis is 18 mí chomh maith faoi chúram na Comhairle Contae faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos a cuireadh i bhfeidhm le gairid agus is í an Rannóg Tithíochta a riarann an scéim sin chomh maith.

## TÓGÁIL TITHÍOCHTA

- an chéim dheiridh de 23 aonad ar Ascaill na Mailpe (Ascaill an Labhrais mar a bhí) críochnaithe
- an chéad chéim de 17 aonad ar Shráid an Phiarsaigh críochnaithe
- tús curtha leis an gcéim dheiridh ar Fhearann na Cluana
- tús curtha le trí aonad agus athchóiriú amháin ar Fhaiche Chill an Chroisre -
- tús curtha le hathchóiriú Ghairdíní Naomh Gall

## AN SCÉIM CEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

- Díoladh ceithre aonad

## AN SCÉIM D'OIRIÚNÚ TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

- Cuireadh 46 seomra folctha in oiriúint

## EASPA DÍDINE

- Lean an Chomhairle leis na comhshocruithe a bhí idir í agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine gan dídean.
- Chuir an Chomhairle cóiríocht ar fáil do naoi dteaghlach gan dídean sa bhliain 2008 agus cuidíodh le 42 teaghlach teacht ar chóiríocht in earnáil na dtithe príobháideacha ar cíos. Leithdháladh tionóntachtaí in éineacht le Comhlachtaí Deonacha Tithíochta ar sheacht dteaghlach agus ba thionóntachtaí faoi thacaíocht roinnt díobh sin.
- Bunaíodh Grúpa Comhchruinnithe sa Chomhairle chun plé a dhéanamh faoi sheirbhís chláráithe, atreoraithe/socrúcháin áitiúil agus seirbhís chomhairliúcháin a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a bhíonn gan dídean.

## IOMPRAÍOCHT FHRITHSHÓISIALTA

- Lean an Chomhairle dá beartas dul i ngleic go cuimsitheach le heachtraí iompraíochta frithshóisialta ar a heastáit le linn 2008. Déileáladh le 79 cás d'iompraíocht fhrithshóisialta go hiomlán agus tháinig laghdú foriomlán de 29% ar chásanna iompraíochta frithshóisialta i gcomparáid le 2007 dá thoradh.





Pointe Wyckham, Baile an tSaoir, mar a bhfuil an Chomhairle ag tairiscint teaghaisí faoin Scéim Tithíochta Incheannaithe

- Tionscnaíodh caingean dlí nuair ba chuí, .i. ceithre dhíshealbhú a rinneadh/ trí theaghais a géilleadh/ ocht mbarántas seilbhe a eisíodh agus fuarthas seacht n-ordú eisiata ó na Cúirteanna.
- Ba 21 an líon litreacha rabhaidh a eisíodh agus 16 fógra rabhaidh ó bhéal a tugadh.
- Measadh breis agus 2000 iarratas ar thithíocht.
- Tugadh cuairt ar sheacht meánscoil faoin gClár Tionscnaimh Scoileanna.
- Dáileadh bileoga eolais maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta ar na leabharlanna agus ar stáisiúin na nGardaí Síochána.

## CÚRSAÍ OILIÚNA RÉAMHTHIONÓNTACHTA

- Eagraíodh cúrsaí “Réamheolas faoi Thionóntacht” sa bhliain 2008.

## LIOSTAÍ TITHÍOCHTA AGUS AISTRITHE

- Measadh faoin 31ú Nollaig 2008 gur ghá cóiríocht tithíochta a chur ar fáil do 4,219 iarratasóir.
- Rinneadh athbhreithniú ar Liostaí Tithíochta na Comhairle i mBealtaine 2008 agus rinneadh athbhreithniú ar na Liostaí Aistrithe i mí Aibreáin 2008.
- Leithdháladh teaghaisí ar 164 iarratasóir ar thithíocht. Áiríodh orthu seo na teaghaisí a chuir an Chomhairle ar fáil faoi chomhaontuithe Chuid V.
- Aistríodh 57 tionónta chuig malairt chóiríochta. Áiríodh orthu seo trí theaghais a ndearna an Chomhairle idirbheartaíocht ina leith faoi chomhaontuithe Chuid V.

## OIRIÚNÚ TITHÍOCHTA

Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil isteach rialacháin ar an 1ú Samhain 2007 ina raibh foráil do chreat nua deontais i gcabhair do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas a rachadh in ionad na Scéime Deontais do Dhaoine Faoi Mhíchumas agus na Scéime Deontas do Dheisiúcháin Riachtanacha.

Is iad seo a leanas na scéimeanna nua deontais i gcabhair: -

- An Scéim ‘Deontas D’Oiriúnú Tithe’ do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim Deontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar Chabhair don tSoghluasteacht
- Cabhair Tithíochta do Dhaoine Breacaosta

Íocadh 240 deontas san iomlán – suim €2,317,486 – faoi na scéimeanna go léir sa bhliain 2008.

## CÍOSANNA TITHÍOCHTA

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar an Scéim Cíosanna Dífreálacha go bliantúil i mí an Mhárta gach bliain; cuirtear cíosanna seasta in oiriúint ag an am céanna. Ba €61.09 an meánráta seachtainiúil cíos sa bhliain 2008. Ba €12,400,000 an t-ioncam cíos a fuarthas sa bhliain 2008.

## CUID V – STRAITÉIS TITHÍOCHTA

Soláthraíodh 525 teaghais san iomlán trí Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002 mar seo a leanas:





Cearnóg an Chalafoirt, Dún Laoghaire, mar a bhfuil an Chomhairle ag tairiscint teaghaisí faoin Scéim Tithíochta Incheannaithe

- 377 teaghais incheannaithe; 119 teaghais shóisialta; agus 29 teaghais as an scéim cóiríochta ar cíós.

Ina theannta sin síníodh ocht gcomhaontú dlí agus bhí ceithre cinn eile ag céim an dréacht-chomhaontaithe chun go soláthrófar c.500 le linn 2009/2010.

## AN SCÉIM TITHÍOCHTA INCHEANNAITHE

Díoladh 255 teaghais le hiarratasóirí ar thithíocht incheannaithe sa bhliain 2008. Ba 4,473 iarratasóir a bhí ar an Liosta Tithíochta Incheannaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2008.

## SCÉIMEANNA TITHÍOCHTA DEONÁÍ

Leithdháladh maoiniú sa bhliain 2008 ar chúig Chumann Tithíochta Deonáí faoi na Scéimeanna Cúnaimh Chaipitil agus lasachta Caipitil agus Fóirdheontais chun 119 teaghais san iomlán a fháil faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002.

## AN tAONAD UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Chuaigh An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2005-2008 as feidhm ar an 31ú Nollaig 2008. Rinne foireann an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil, agus iad i mbun ullmhúcháin chun an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

2009-2013 a ullmhú, suirbhé cuimsitheach Measúnaithe ar Riachtanais Chóiríochta phobal cónaithe an Lucht Siúil sa bhliain 2008 chun na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith acu le linn an chláir chúig bliana a aithint. Cuireadh Dréacht-Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013 faoi bhráid an phobail ionas go bhféadfaidís tuairimí a nochtadh agus aighneachtaí a dhéanamh i mí na Nollag 2008.

### Aonaid a bhfuiltear i mbun obair thógála orthu:

Páirc Chill Tuca, Seanchill - athchóiriú ar chúig aonad láithreán stad

### Na haonaid atá sa chuid dheireanach de chéim an deartha:

Páirc N. Micheál, Baile na Manach - athchóiriú ar láithreáin stad 3 chuas.

Halla an Bhurtúnaigh, Baile na Lobhar – síneadh ar an aonad don chuas stad.

### Na haonaid atá ag céim an réamhdheartha:

Bóthar na Potaireachta – scéim ghrúpthithíochta cúig aonad

Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2008.



## COTHABHÁIL STOC TITHÍOCHTA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Mar atá 31ú Nollaig 2008 tá 4194 teaghais sa stoc ar cíos atá ag an gComhairle. Fuarthas 6,444 iarraidh san iomlán ar chothabháil sa bhliain 2008. Chuir an Rannóg Tithíochta clár pleanáilte cothabhála i bhfeidhm nach mbaineann le gnáthchothabháil. Chuir an clár seo atá ar siúl ón mbliain 2004 i leith feabhas/rinne sé uasghrádú ar stoc tithíochta na Comhairle.

Críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas sa bhliain 2008.

- Cothabháil Phleanáilte Choisctheach: péinteáil/deisiúcháin taobh amuigh – 555 aonad
- Téamh Lárnach Curtha isteach/Bearta chun Fuinneamh a spáráil: 47 aonad
- Gloiniú dúbailte curtha isteach: 610 aonad
- Athsholáthar Umar: 50 aonad
- Athsholáthar Coirí: 35 aonad
- Athshreangú Leictreach: 100 Aonad
- Aláraim Dheataigh: 99 aonad

## AN SCÉIM CÓIRÍOCHTA AR CÍOS

Cuireadh tús leis an Scéim Cóiríochta ar Cíos i gComhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin i Lúnasa na bliana 2006.

- Líon na dtionóntaí féideartha faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos atá ar an Liosta Feithimh Tithíochta: 1,400
- Líon na dtionóntaí féideartha thuasluaite faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos atá ina gcónaí i gceantar feidhmiúcháin na Comhairle agus a bhfuil Forlíonadh Cíos a fháil acu le breis is 18 mí: 727
- Líon tionóntaí tiarnaí talún príobháideacha, a bhfuil an liúntas á fháil acu, a d'aistrigh chuig an Scéim faoin 31/12/2008: 295.

# ACMHAINNÍ DAONNA

Déileálann an Rannóg Acmhainní Daonna le gnáthriarachán na bhforálacha reachtúla a bhaineann le fostaíocht agus déileálann sí freisin leis na beartais, na nósanna imeachta agus na scéimeanna arna nglacadh ag an mbainistíocht.

.....

## FOIREANN NA COMHAIRLE CONTAE

Ba 1273 duine líon na foirne a bhí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin i ndeireadh na bliana 2008 agus áirítear orthusan oibrithe cléireachais/riaracháin, oibrithe gairmiúla, teicniúla agus na hoibrithe ceirde agus na hoibrithe ilsaothair a bhíonn lonnaithe in iostaí.

## EARCAÍOCHT, RIARACHÁN & CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

- Tionóladh 53 comórtas san iomlán i gcaitheamh na bliana chun folúntais a líonadh.
- Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach don bhainistíocht áitiúil ar mhaithe le comhionannas agus comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na heagraíochta. Níor cuireadh am ar bith amú de bharr gníomhaíocht thionsclaíoch sa bhliain 2008.
- Cuirtear leas na foirne chun cinn trí scéimeanna i ndáil le cothroime idir an saol oibre agus an saol baile a bheith i bhfeidhm .i. tráthanna oibre inathraithe, saoire scoilbhliana agus roinnt oibre.
- Aithníonn an tOifigeach Leasa Foirne gábha neamhbhuana nó deacrachtaí pearsanta a bhíonn ag baill foirne más ag an obair nó sa bhaile é agus déileálann sé nó sí leo; soláthraíonn sé seirbhís rúnda chomhairleoireachta, atreoraithe agus eolais chomh maith.

## COMHIONANNAS

- Lean an Chomhairle uirthi dá tacaíocht d'fheachtais náisiúnta éagsúla lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais agus an tseachtain ar Chuimsiú Sóisialta.
- Sáraíodh an sprioc trí faoin gcéad a bhí leagtha síos mar chuóta na ndaoine faoi mhíchumas a bhí le fostú.

## FORBAIRT AGUS OILIÚINT FOIRNE

Cuireadh oiliúint intí ar 701 ball foirne sna réimsí seo a leanas faoin gclár oiliúna i gcaitheamh na bliana:

- Forbairt Phearsanta, Sláinte agus Sábháilteacht, Saoráil Faisnéise
- Cúram an Chustaiméara, An Ghaeilge
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Chríochnaigh 31 ball foirne an Teastas i Staidéir Rialtais Áitiúil
- Chríochnaigh ochtar ball foirne an Diplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil
- Fuair 67 ball foirne faomhadh faoin Scéim Chúnamh chun cúrsaí breisoideachais a dhéanamh

## COMHPHÁIRTÍOCHT SAN IONAD OIBRE

Lean an Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre ag feidhmiú le linn 2008 agus tionóladh 11 cruinniú coiste i gcaitheamh na bliana. Lean grúpaí gníomhaíochta orthu ag cur roinnt mhaith cuspóirí chun cinn agus tugtar breac-chuntas ar roinnt de na cuspóirí thíos: -

### ● An clár ‘Fill ar an Oideachas’

Thionóil Éascaitheoir na Comhpháirtíochta agus Comhordaitheoir an Choiste Gairmoideachais líon áirithe cruinnithe in iostaí na Comhairle chun an clár a chur chun cinn. Fuarthas 52 léiriú spéise. Cláraíodh baill foirne ar líon áirithe grúpaí éagsúla.

### ● An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Rinne grúpa Gníomhaíochta de chuid na Comhpháirtíochta measúnú ar an bpróiseas i Meitheamh. Líon 394 ball foirne foirm an tsuirbhé. Chuir an grúpa Gníomhaíochta tuarascáil i dtoll a chéile i ndeireadh na bliana 2008 inar áiríodh moltaí a bhí le breithniú ag an bhFoireann Bainistíochta.

### ● Uasghrádú Iostaí

Thionóil Grúpa Gníomhaíochta Cumarsáide na Comhpháirtíochta maidir le hUasghrádú Iostaí líon áirithe cruinnithe ar ar fhreastail príomhbhaill foirne le linn na bliana, agus ba é an tlosta nua i mBaile Uí Ógáin an fhorbairt ba mhó a tháinig as na cruinnithe sin.

### ● Bunaíodh ‘Athrú Suntasach a Láimhseáil’ trí Chomhpháirtíocht’


Tionóladh céad chruinniú an ghrúpa stiúrtha um Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht i mí Eanáir. Creat is ea ‘Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht’ a ceapadh chun cúnaimh a thabhairt d’ionadaithe ceardchumann agus do bhainisteoirí in údarás áitiúla saincheisteanna a láimhseáil nuair a bheartaítear athrú suntasach a dhéanamh. Áirítear leis córas nósanna imeachta, prótacail, agus tacaíocht d’éascaitheoirí agus oiliúint agus ba iad Grúpa Comhairleach Chomhpháirtíocht Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil a cheap é.





# TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE

Freastalaíonn Rannóg Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide ar an raon fairsing, atá ag fadú, de riachtanais theicneolaíocht na faisnéise na heagraíochta. Cuirtear seo i gcrích ar mhodh beartaithe agus i dtimpeallacht bhainistithe de réir na n-éileamh atá i bPlean Gnó na rannóige, sa Phlean Corparáideach agus de réir éileamh ad hoc ón taobh istigh agus ó fhoinsí ón taobh amuigh.



Suíomh nua gréasáin na hOifige Ealaíne a dhear Rannóg Theicneolaíochta na Faisnéise & na Cumarsáide

## BUAICPHOINTÍ

- Feistíodh ó thaobh Theicneolaíocht na Faisnéise de an oifig chóiríochta nua i gCearnóg an Chalafoirt
- Chuaigh an córas nua teileafóin VOIP beo
- Athraíodh go dtí Windows 2003 agus Exchange 2007
- Baineadh úsáid phiolótach as an gCóras Faisnéise Geografaí chun an Plean Forbartha a chur i dtoll a chéile
- Cuireadh tús leis an Tionscadal Tithíochta Comhtháite nua
- Ceanglaíodh oifigí forimeallacha le naisc nua náisiúnta Ethernet
- Tugadh isteach córas nua méadráithe uisce
- Tugadh isteach córas nua rátaí
- Uasghrádaíodh an bonneagar líonra le snáithín nua agus lasc sonraí lárnach nua
- Suíomh gréasáin nua do na healaíona
- Córas nua i gcomhair caighdeán uisce trá
- Feabhas ar ár gcóras pleanála ar líne
- Tús piolótach le bainistiú caidrimh le custaiméirí



## SEIRBHÍSÍ DLÍ

Tá méid mór saineolais carntha ag an Rannóg Seirbhísí Dlí sa réimse a bhaineann le dlí, cleachtas agus riarachán Rialtais Áitiúil agus tugann sí seirbhís tacaíochta atá ríthábhachtach do Rannóga uile na Comhairle agus do pháirtithe cleamhnaithe na Comhairle.



Áirítear iad seo a leanas ar na seirbhísí a thairgeann an Rannóg Seirbhísí Dlí:

- comhairliúchán le foireann na Comhairle
- comhairliúchán maidir le forbairt mórthionscnamh, forfheidhmiú beartais agus forbairtí de chuid na Comhairle
- forfheidhmiú cód
- imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh
- saincheisteanna bainteach le rialachas corparáideach
- tíolacadh

Bíonn an Rannóg i dteagmháil go laethúil le ranna Rialtais, leis An tSeirbhís Chúirteanna, leis An Údarás Clárúcháin Maoine agus le haturnaetha agus le habhcóidí agus i mbun a cuid oibre.

Leagtar béim ar oiliúint speisialaithe agus ar oiliúint i bhforbairt phearsanta don fhoireann. Tugtar faoin ngairmoiliúint, faoin oiliúint ghairmiúil agus phearsanta ag féachaint go cuí do na cuspóirí atá i bPlean Corparáideach na Comhairle agus i bPlean Foirne an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta de chuid na Rannóige féin.

Rinneadh athbhreithniú agus uasghrádú ar chóras bainistithe cásanna na Seirbhísí Dlí sa bhliain 2008 agus cruthaíodh gur uirlis úsáideach agus éifeachtach í go speisialta ó thaobh cúnamh a thabhairt don rannóg rátaí tráchtála a fhorfheidhmiú agus a aisghabháil.

Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí atá faoi chúram na Rannóige Iompair: bóithre agus mótarbhealaí a dhearadh agus a thógáil, acomhail a fheabhsú, líonraí rothar, mórlánaí bus agus áiseanna coisithe, lena n-áirítear bóithre atá ann cheana féin, cosáin, raonta rothar, soilsiú poiblí, comharthaí tráchta, comharthaíocht agus líneáil a chothabháil, monatóireacht a dhéanamh ar oscailtí ar bhóithre, bearta bainistíochta tráchta, rialuithe páirceála agus bearta sábháilteachta ar bhóithre a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an feachtas ar Fheasacht um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus seirbhísí Maor Scoile a fheidhmiú.

## COTHABHÁIL AR BHÓITHRE

### An Clár Athchóirithe ar Bhóithre

Bhíothas ábalta athchóiriú/athdhromchlú a dhéanamh ar 39 bóthar sa bhliain 2008 trí bhithin €4,309,000 de dheontas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Tarraingíodh anuas €1,950,000 sa bhreis faoin Scéim Ranníocaí Forbartha chun uasghrádú na gcosán ar na bóithre seo a mhaoiniú.

### An Clár Athchóirithe ar Chosáin

Rinneadh Oibreacht ar Conradh i 22 láthair sa bhliain 2008; cuireadh maoiniú as an Scéim Ranníocaí Forbartha mar fhorlíonadh leis an €1,100,000 de mhaoiniú a tháinig as foinsí na Comhairle féin. Rinneadh na deisiúcháin agus an athnuachan ar chosáin freisin trí lucht saothair na comhairle féin.

### An Rannán Rialaithe Bóithre

Baineann BSL, Bord Gáis agus cuideachtaí cumarsáide úsáid anois as an gCóras Iarratais ar líne roadmap de chuid na Comhairle. Chuir Bord Gáis bailchríoch ar chuid bhliain a cúig de thionscadal athnuachana príomhlíonra an chontae a mheastar a mhairfidh sé bliana.

### Soilsiú Poiblí

Leanadh den chlár leanúnach a bhain le lóchrainn agus colúin a athsholáthar sa bhliain 2008. Tá isteach agus amach le 22,500 lóchrann sa Chontae.

## PÁIRCEÁIL ‘ÍOC AGUS TAISPEÁIN’

- Ghlac an Chomhairle leis na Fodhlíthe um Rialú Lochta, 2007 agus tháinig siad i ngníomh ar an 1 Lúnasa 2007.

- Cuireadh scéimeanna páirceála i bhfeidhm sna láithreacha seo a leanas sa bhliain 2008:

Carrchlós na Carraige Duibhe; Ardán Ghort an tSruháin, An Charraig Dhubh; Limistéar miondíola Bóthar Chluain Caoin; Gráinseach an Déin; Sráidbhaile Charraig an tSionnaigh; Paráid Montpellier; Baile na Manach; Páirc Bhaile Eoghain; An Charraig Dhubh; Bruach na Sailí; Baile an Bhothair; Céide Dhroim Meala, Dún Droma.

- Daingníodh 1362 ciontú tríd an gCúirt Dúiche de bharr nár íocadh fíneálacha páirceála agus dícháillíodh seachtar gluaisteánaí ó bheith ag tiomáint.

## OIFIG NA DTIONSCADAL AR BHÓITHRE

Is iad seo a leanas na scéimeanna móra caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó a chríochnaigh an Chomhairle le gairid agus a mhaoinigh An Roinn Iompair. Ba €3,875,000 an leithdháileadh caipitil a fuarthas sa bhliain 2008.

- Scéimeanna a críochnaíodh: Bóthar Ghleann na Muc Thuaidh
- Scéimeanna a bhfuiltear i mbun obair thógála orthu: Cuarbhóthar Bhaile na Manach; Bóthar Ceangail Áth an Ghainimh; Bóthar Bhaile Uí Ógáin agus Líne B1 an Luas (an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród); Uasghrádú ar an M50.
- Scéimeanna ag Céim an Deartha: Bóthar Bhaile Uí Mhurchú; Bóthar Chill Ghobáin; Bóthar an Ghleanna Dhuibh/Bóthar Ghráinseach an Araltaigh; Bóthar na Potaireachta; Ascaill Bhaile an Róistigh/Bóthar na Mainistreach. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród ó thaobh Líne B2 an Luas a dhearadh.



Rannpháirtithe i gClár Sábháilteachta Rothaíochta DLR

## AN RANNÓG TRÁCHTA

- Cuireadh isteach 14 trasrian do choisithe/trasrianta túcánacha a bhfuil comharthaí nua; uasghrádaíodh ceithre thrasrian atá ann cheana; cuireadh isteach seacht n-acomhal/bealach nua tráchta a bhfuil comharthaí orthu; uasghrádaíodh 26 acomhal atá ann cheana.
- Tugadh faoi 13 tionscadal ar chostas íseal maidir le feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre /imscrúdú tionóiscí agus tionscadail choisitheacha tionóiscí; cuireadh moilliú tráchta i bhfeidhm i dhá limistéar nua, cuireadh crios sábháilteachta nua scoile agus trí líonra nua rothaíochta i bhfeidhm; cuireadh feabhas ar líonra rothaíochta atá ann cheana; agus tá an t-athbhreithniú rothaíochta don Chontae i ngar a bheith críochnaithe.
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar thrí mhórlána bus agus ar scéimeanna tosaíochta bus ag Ascaill Chnoc Mhuirfean, Bóthar Áth an Ghainimh agus Lána na Cille; tugadh faoi dhá acomhal nua a fheabhsú (gan comharthaí); agus cuireadh cúig nasc nua cosán agus dhá thionscadal ar obair uasghrádaithe cosán i gcrích.
- Cuireadh isteach pábháil thadhhlach nua i dtí láthair agus leacaíodh trasrianta do choisithe (gan comharthaí) agus cuireadh cosán nua do dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta laghdaithe isteach; cuireadh ocht n-iniúchadh míchumais i gcrích agus uasghrádaíodh 100 stad bus a mbeadh rochtain ag cathaoireacha rothaí orthu.
- Glacadh le fodhlíthe tacsáí i mí na Nollag 2008; cuireadh tús le comhairliúchán poiblí maidir leis na 'Fodhlíthe um Theorainn Luais 2008' agus próiseáladh 331 iarraidh i gcomhair marcanna agus comharthaíochta nua ar na bóithre.

## SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

- Leanadh leis an tseirbhís maor scoile ar fud an Chontae le linn 2008. Leanadh chomh maith leis an gclár bliantúil chun bearta innealtóireachta um shábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil ag láithreacha scoile.
- Leanadh leis an tionscadal chun feasacht um shábháilteacht tráchta a chur chun cinn i measc leanaí agus cuireadh béim ar oideachas/oiliúint; díriodh ar rothaíocht níos sábháilte agus ar 'Walking Bus -Ag Siúl to School' sa bhliain 2008.
- Cuireadh tús le 'Roadsafe Roadshow' seó faoi shábháilteacht ar bhóithre i gcomhair dhaltaí na hidirbhliana sa bhliain 2008.
- Choinnigh líon na dtimpistí tráchta bóithre ag laghdú sa bhliain 2008. Tháinig laghdú de 64.7% ar na daoine a gortaíodh in imbhuailtí tráchta ar bhóithre sa tréimhse deich mbliana ó 1998 go dtí 2007.



Tionscadail chun feasacht um shábháilteacht tráchta a chur chun cinn i measc leanaí ar Bhóthar Bhaile Biaitaigh, Cill Tiarnáin

## CLÁR COMHARDAITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

€ '000

Sócmhainní Seasta	2,638,229,606
Obair idir lámha	822,632,490
Fiachóirí Fadtéarmacha	101,953,334
Glansócmhainní Reatha	257,021,823
Creidiúnaithe Fadtéarmacha	-194,836,471
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>	<b>3,625,000,782</b>

*Maoinithe ag:*

Cuntas Caipitlithe	2,638,229,605
Obair idir lámha	789,872,605
Cúlchiste Ioncaim Shonraigh	18,452,967
Comhardú cúlchiste ginearálta	6,654,881
Comharduithe eile	171,790,724
<b>IOMLÁN</b>	<b>3,625,000,782</b>

## RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM & CHAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

	Ollchaiteachas 2008 €	Ioncam 2008 €	Costas Glan 2008 €
Tithíocht Agus Tógáil	27,881,733	22,521,732	5,360,001
Iompar Ar Bhóithre & Sábháilteacht	30,542,468	12,566,460	17,976,007
Soláthar Uisce & Séarachas	33,785,489	9,499,561	24,285,928
Dreasachtaí & Rialú Forbartha	14,457,356	2,818,753	11,638,603
Cosaint An Chomhshaoil	52,860,120	26,269,182	26,590,939
Fóillíocht Agus Conláistí	28,442,011	5,267,011	23,175,000
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht	6,123,177	6,003,418	119,759
Seirbhísí Ilghnéitheacha	9,058,888	8,795,189	263,698
<b>CAITEACHAS / IONCAM IOMLÁN</b>	<b>203,151,241</b>	<b>93,741,306</b>	<b>109,409,935</b>
Costas glan na gclár le maoiniú as:			109,409,935
Ioncam Rátaí			83,461,090
Ciste an Rialtais Áitiúil			40,252,721
Barrachas / (Easnamh) don bhliain			<b>14,303,876</b>
Aistriú ó / (go) cúlchistí			-16,550,719
Barrachas foriomlán / (easnamh) don bhliain			<b>-2,246,844</b>
Cúlchiste ginearálta @ 1 Eanáir			8,901,725
<b>CÚLCHISTE GINEARÁLTA @ 31 NOLLAIG</b>			<b>6,654,881</b>



# TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSÍ 2008

## F: SEIRBHÍS DÓITEÁIN

### F1 FEIDHMIÚ NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN

- |  |  |
|--|--|
| <p><b>A.</b> An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thógann sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimeartha a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin</p>   | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>B.</b> An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thógann sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin</p>                  | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>C.</b> An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thógann sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimeartha a bheith réitithe i gcomhair teagmhais eile éigeandála</p>                                    | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>D.</b> An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thógann sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair teagmhais eile éigeandála</p> | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |

### F2 CÉATADÁN DEN AM A THÓG SÉ AR BHRIOGÁID A BHEITH I LÁTHAIR AR LÁITHREACHA

- |  |  |
|--|--|
| <p><b>A.</b> Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad</p>  | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>B.</b> Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad</p>                             | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>C.</b> Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad</p>  | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>D.</b> Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad</p>                        | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>E.</b> Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad</p> | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |
| <p><b>F.</b> Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad</p>                                | <p><b>N/B.</b> Níl i gceist. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath</p> |

### F3 COSC DÓITEÁIN

A. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas	270
B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh nár chásanna bailí a bhí iontu)	290
C. Líon iomlán na n-iarratas a measadh nár chásanna bailí a bhí iontu	7

## CP: RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

### CP.1 RANPHÁIRTÍOCHT I SCÉIM ÁITIÚIL CHOMHAIRLE NA NÓG

Céatadán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	28.07	Ní ionann na táscairí don bhliain 2008 agus táscairí na mblianta roimhe ó tharla nár áiríodh grúpaí óige. Ba 44% céatadán na scoileanna a ghlac páirt sa bhliain 2008
--	-------	---

### CP.2 GRÚPAÍ CLÁRAITHE LEIS AN bhFÓRAM POBAIL AGUS DEONACH

Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	407
---	-----

## C: SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

### C.1 LAETHANTA OIBRE CAILLTE DE BHARR BREOITEACHTA

A. Céatadán de laethanta oibre cailte de bharr breoiteachta le teastas	4.11
B. Céatadán de laethanta oibre cailte de bharr breoiteachta gan teastas	1.16

### C.2 OILIÚINT AGUS FORBAIRT NA FOIRNE

Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de na costais iomlána phárolla:	4.64
--	------

## E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

### UISCE

#### E.1 UISCE NACH BHFUIL CUNTAS AIR

Uisce nach bhfuil cuntas air (UFW) mar chéatadán den toilleadh iomlán uisce arna sholáthar faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach

**7.63** Tugtar na figiúirí seo de réir modheolaíocht mholta. Is ionann an UFW i dTionscadal Comhaontais Réigiún Bhaile Átha Cliath agus 29% de réir na modheolaíochta a úsáidtear (Uisce Soláthraithe 41,770; Uisce nach bhfuil Cuntas air 17,780 m<sup>3</sup>/lá)

#### E.2 ANAILÍS AR UISCE LE HÓL

**A.** An céatadán de na torthaí a d'eascair as an anailís ar uisce le hól a chomhlíonann na ceanglais reachtúla maidir le scéimeanna poiblí

Foinse na bhFigiúirí: An BSBRA ó thaifead sonraí an GCC

**B.** An céatadán de na torthaí a d'eascair as an anailís ar uisce le hól a chomhlíonann na ceanglais reachtúla maidir le scéimeanna príobháideacha (más cuí)

### BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

#### E.3 LEITHSCARADH DRAMHAÍOLA

**A.** Céatadán de theaghlaigh a bhaineann úsáid as seirbhís bhailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú leithscartha dramhaíola ar fáil dóibh i gcomhair ábhair thirime athchúrsála

**100**

**B.** Céatadán de theaghlaigh a bhaineann úsáid as seirbhís bhailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú leithscartha dramhaíola ar fáil dóibh i gcomhair ábhair orgánacha

**0**

#### E4: DRAMHAÍL TÍ AR A NDÉANTAR ATHCHÚRSÁIL

**A.** Céatadán den dramhaíl tí a bhailítear den cholbha agus ar a ndéantar athchúrsáil

**32.96**

**B.** Tonnáiste den dramhaíl tí a bhailítear den cholbha agus ar a ndéantar athchúrsáil

**14500**

**C.** Tonnáiste den dramhaíl tí athchúrsáilte a thagann as dramhaíl a bhailítear as saoráidí athchúrsála (.i. bainc beir leat, ionaid fónais chathartha, ionaid aistrithe agus saoráidí eile athchúrsála)

**17,069.19**

#### E5: DRAMHAÍL TÍ CURTHA CHUIG AN LÍONADH TALÚN

**A.** Céatadán den dramhaíl tí bailithe a chuirtear chuig an líonadh talún

**67.04**

**B.** Tonnáiste den dramhaíl tí bailithe a chuirtear chuig an líonadh talún

**29,490**

## **E6: SAORÁIDÍ ATHCHÚRSÁLA**

Líon iomlán láithreacha Beir Leat i limistéar an údaráis áitiúil **51**

Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha i limistéar an údaráis áitiúil **3**

### **GLOINE**

**A.** Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil **51**

**B.** Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha le hathchúrsáil **3**

**C.** Líon iomlán na saoráidí athchúrsála **49**

**D.** Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra **1.26**

### **CANNAÍ**

**E.** Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil **30**

**F.** Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha le hathchúrsáil **3**

**G.** Líon iomlán na saoráidí athchúrsála **33**

**H.** Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra **0.85**

### **TEICSTÍLÍ**

**I.** Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil **16**

**J.** Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha le hathchúrsáil **3**

**K.** Líon iomlán na saoráidí athchúrsála **19**

**L.** Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra **0.49**

### **CADHNRAÍ**

**M.** Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil **39**

**N.** Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha le hathchúrsáil **3**

**O.** Líon iomlán na saoráidí athchúrsála **42**

**P.** Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra **1.08**

### **OLAÍ**

**Q.** Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil **0**

**R.** Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha le hathchúrsáil **1**

**S.** Líon iomlán na saoráidí athchúrsála **1**

**T.** Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra **0.03**

## E: SEIRBHÍ Sí COMHSHAOIL

### ÁBHAIR EILE

U. Líon na láithreacha Beir Leat le hathchúrsáil	7
V. Líon iomlán Ionaid Fónais Chathartha le hathchúrsáil	3
W. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	10
X. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh 5,000 daonra	0.26

### BRUSCAR

#### E7: COSC AR BHRUSCAR AGUS FORFHEIDHMÍÚ

A. Líon na maor bruscair lánaimseartha	6
B. Líon na maor bruscair páirtaimseartha	1
C. Líon na maor bruscair (lánaimseartha agus páirtaimseartha araon) in aghaidh gach 5,000 duine	0.18
D. Líon fineálacha ar an láthair a eisíodh	1,486
E. Líon fineálacha ar an láthair a íocadh	934
F. Líon na gcásanna ionchúisimh a tionscnaíodh de bharr nár íocadh fineálacha ar an láthair	179
G. Líon na gcásanna ionchúisimh a daingníodh i gcásanna a tógadh de bharr nár íocadh fineálacha ar an láthair	19
H. Líon na bhfógraí a eisíodh (faoi alt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997)	39
I. Líon iomlán na n-ionchúiseamh a glacadh (tagann na hionchúisimh go léir faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go 2003)	189
J. Líon iomlán na n-ionchúiseamh a daingníodh (tagann na hionchúisimh go léir faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go 2003)	19
K. Céatadán limistéar an údaráis áitiúil nach bhfuil truaillithe (.i. saor ó bhruscar)	9.00
L. Céatadán limistéar an údaráis áitiúil gur beag an truailliú ó bhruscar atá iontu	72.50
M. Céatadán limistéar an údaráis áitiúil atá sách truaillithe ó bhruscar	15.00
N. Céatadán limistéar an údaráis áitiúil atá truaillithe go dona ó bhruscar	3.50
O. Céatadán limistéar an údaráis áitiúil atá truaillithe go han-dona ó bhruscar	0.00



### E8: GEARÁIN AGUS FORFHEIDHMIÚ COMHSHAOIL

<b>A.</b> Líon iomlán na gcásanna faoi réir ag gearáin maidir le truailliú comhshaoil (a bhaineann le dramháil, bruscar, truailliú uisce, truailliú torainn, truailliú aeir)	<b>4,705</b>	(4284 bruscar, 128 truailliú uisce, 293 Dramháil, Aer & Torann)
<b>B.</b> Líon na ngearán a ndearnadh imscrúdú orthu	<b>4,705</b>	(4284 bruscar, 128 truailliú uisce, 293 Dramháil, Aer & Torann)
<b>C.</b> Líon na ngearán a dtángthas ar réiteach orthu agus nár ghá caingean a ghlacadh	<b>2,898</b>	(2564 bruscar, 121 truailliú uisce, 213 Dramháil, Aer & Torann)
<b>D.</b> Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a ghlacadh	<b>1,807</b>	(1720 Bruscar (1486 fineálacha, 39 fógra rabhaidh, 195 litir rabhaidh), 7 Uisce, 80 Dramháil, Aer & Torann)

### E9: CÉATADÁN SCOILEANNA A BHÍONN RANPHÁIRTEACH I BHFEACHTAIS CHOMHSHAOIL

<b>A.</b> Céatadán bunscoileanna a bhíonn rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil	<b>77.92</b>
<b>B.</b> Céatadán meánscoileanna a bhíonn rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil	<b>67.74</b>

## H: TITHÍOCHT

### H1: TITHE FOLMHA

<b>A.</b> An líon iomlán teaghaisí i stoc an údaráis áitiúil	<b>4,153</b>
<b>B.</b> An líon iomlán teaghaisí, seachas na teaghaisí sin a bheidh faoi réir ag mórthionscadail athchóirithe	<b>4,073</b>
<b>C.</b> An céatadán foriomlán teaghaisí atá folamh (seachas na teaghaisí sin a bheidh faoi réir ag mórthionscadail athchóirithe)	<b>1.57</b>
<b>D.</b> Céatadán na dteaghaisí folmha nach bhfuil ar fáil le ligean	<b>59.38</b>
<b>E.</b> Céatadán na dteaghaisí folmha atá ar fáil le ligean	<b>40.62</b>

### H2: AN MEÁNACHAR AMA Ó LIGEAN AMHÁIN GO LIGEAN EILE

An meánachar ama (i seachtainí) ón dáta a fhágtar an teaghais go dtí an dáta ar a ndéantar na deisiúcháin riachtanacha uile a meastar gur gá iad chun an teaghais a ligean an athuair	<b>7.49</b>
An meánachar ama (i seachtainí) ón tráth a gcríochnaítear na hoibreacha (thuas) go dtí an dáta ar a ndéantar an chéad dochar cíosa	<b>14.87</b>

## H: TITHÍOCHT

### H3: DEISIÚCHÁIN TITHÍOCHTA

Líon na ndeisiúcháin a críochnaíodh tugtha mar chéatadán den líon iarrataí bailí ar athchóiriú a fuarthas **99.83**

### H4: CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Líon iomlán de theaghlaigh an lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagadh amach sa chlár áitiúil cóiríochta don lucht siúil **23.08**

### H5: FORFHEIDHMIÚ CAIGHDEÁN IN EARNÁIL NA TITHÍOCHTA PRÍOBHÁIDÍ AR CÍOS

A. Líon na dtionóntachtaí cláraithe	<b>14,103</b>
B. Líon na n-aonad teaghaise ar a ndearnadh cigireacht	<b>706</b>
C. Líon na gcigireachtaí a rinneadh	<b>746</b>
D. Líon na dteaghaisí ar a ndearnadh cigireacht mar chéatadán de thionóntachtaí cláraithe (.i. B mar chéatadán de A)	<b>5.01</b>

### H6: DEONTAIS CHUN TITHÍOCHT A CHUR IN OIRIÚINT DO RIACHTANAS DAoine FAOI MHÍCHUMAS

A. Meánachar ama (i seachtainí) chun iarratais faoi na Scéimeanna Deontas Áiseanna Soghluaisteachta a phróiseáil, lena n-áirítear cigireacht riachtanach amháin ar bith (nó tuilleadh dóibh), ón dáta a fuarthas iarratas bailí go dtí an dáta ar glacadh cinneadh faoin iarratas	<b>3.82</b>
B. Meánachar ama (i seachtainí) chun iarratais faoi na Scéimeanna Deontas d'Oiriúnú Tithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas a phróiseáil, lena n-áirítear cigireacht riachtanach amháin ar bith (nó tuilleadh dóibh), ón dáta a fuarthas iarratas bailí go dtí an dáta ar glacadh cinneadh faoin iarratas	<b>12.22</b>

### H7: CÚRSAÍ TAITHÍOCHA RÉAMH-THIONÓNTACHTA

A. Líon iomlán tionóntaí nua an údaráis áitiúil	<b>112</b>
B. Céatadán tionóntaí nua an údaráis áitiúil ar tairgeadh cúrsaí taithíochta réamh-thionóntachta dóibh	<b>43.75</b>

## L: SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

### L.1 UAIREANTA A MBÍONN NA LEABHARLAINNA AR OSCAILT DON PHOBAL

A. Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine maidir le leabharlanna lánaimseartha	<b>33</b>	Dúnadh na Leabharlanna go léir ar feadh leathlae (21/11) chun an fhoireann a chur faoi oiliúint. Bhí na leabharlanna oscailte 54 uair an chloig i gcomhair imeachtaí taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre
B. Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine maidir le leabharlanna páirtaimseartha (má bhíonn sin i gceist)	<b>7</b>	

C. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte i rith am lóin	63
D. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte sa tráthnóna	100
E. Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte ar an Satharn	100

### L.3 STOC LEABHARLAINNE

Líon na gcuartheanna chuig leabharlanna lánaimseartha in aghaidh gach 1,000 duine **2,339.49**

### L.2 CUAIRTEANNA LEABHARLAINNE

A. Caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh gach duine sa daonra (ar fud an chontae/na cathrach)	4.90
B. Líon iomlán nithe eisithe in aghaidh gach duine sa daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcomhair leabhar	4.39
C. Líon iomlán nithe eisithe in aghaidh gach duine sa daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcomhair nithe eile	0.96

### L.4 ROCHTAIN IDIRLÍN SNA LEABHARLANNA

Líon na seisiún Idirlín a soláthraíodh in aghaidh gach 1,000 duine **279.46**

## M: MÓTARCHÁIN

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá freagrach as seirbhís mhótarchánach a chur ar fáil i limistéar riaracháin Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin.

### M.1 LÍON NA NÍDIRBHEART MÓTARCHÁNACH

A. Líon na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ag an gcuntar	N/B
B. Líon na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ar an bpost	N/B
C. Líon na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ar bhealaí eile (mar shampla, ar líne, ar an teileafón)	N/B
D. Céatadán na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ag an gcuntar	N/B
E. Céatadán na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ar an bpost	N/B
F. Céatadán na n-idirbheart mótarachánach a láimhseáiltear ar bhealaí eile (mar shampla, ar líne, ar an teileafón)	N/B

### M.2 AN TÁM A THÓG SÉ IARRATAIS MHÓTARCHÁNACH A THÁINIG AR AN BPOST A PHRÓISEÁIL

A. Líon na n-iarratas a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas	N/B
B. Líon na n-iarratas a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an dara nó an tríú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas	N/B

## M: MÓTARCHÁIN

- C.** Líon na n-iarratas a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an gceathrú nó ar an gcúigiú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- D.** Líon na n-iarratas a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) breis is cúig lá ón lá a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- E.** Céatadán na n-iarratas iomlán a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- F.** Céatadán na n-iarratas iomlán a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an dara nó an tríú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- G.** Céatadán na n-iarratas iomlán a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) ar an gceathrú nó ar an gcúigiú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- H.** Céatadán na n-iarratas iomlán a fhaightear ar an bpost a láimhseáiltear (.i. diosca a eisíodh) breis is cúig lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**

### M.3 AN TAM A THÓG SÉ IARRATAIS AR CHEADÚNAS TIOMÁNA A PHRÓISEÁIL

- A.** Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- B.** Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an dara lá nó ar an tríú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- C.** Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an gceathrú lá nó ar an gcúigiú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- D.** Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear breis is cúig lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- E.** Céatadán na n-iarratas iomlán ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an lá céanna a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- F.** Céatadán na n-iarratas iomlán ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an dara lá nó ar an tríú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- G.** Céatadán na n-iarratas iomlán ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear ar an gceathrú lá nó ar an gcúigiú lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**
- H.** Céatadán na n-iarratas iomlán ar Cheadúnas Tiomána a láimhseáiltear breis is cúig lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas **N/B**

## P: PLEANÁIL

### P.1 IARRATAIS PHLEANÁLA - CINNTEOIREACHT

#### TITHE AONAIR

A. Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	<b>255</b>
B. Líon na gcinntí i gColún A a glacadh laistigh de 8 seachtaine	<b>178</b>
C. Líon na gcinntí i gColún A a raibh a thuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh	<b>77</b>
D. Líon na gcinntí i gColún A ar chomhaontaigh an t-iarratasóir le fadú ama, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000	<b>0</b>
E. An t-am ar an meán (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas i gcás gur lorgaíodh a thuilleadh eolais	<b>78</b>
F. Céatadán iarratas a deonaíodh	<b>50.59</b>
G. Céatadán iarratas a diúltaíodh	<b>49.41</b>
H. Céatadán na gcásanna inar deimhníodh an cinneadh le hathruithe nó gan athruithe déanta ag An mBord Pleanála	<b>73.49</b>
I. Céatadán na gcásanna a ndeachaigh An Bord Pleanála siar ar an gcinneadh	<b>26.51</b>

#### FORBAIRT NUA TITHÍOCHTA

A. Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	<b>155</b>
B. Líon na gcinntí i gColún A a glacadh laistigh de 8 seachtaine	<b>106</b>
C. Líon na gcinntí i gColún A a raibh a thuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh	<b>49</b>
D. Líon na gcinntí i gColún A ar chomhaontaigh an t-iarratasóir le fadú ama, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000	<b>0</b>
E. An t-am ar an meán (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas i gcás gur lorgaíodh a thuilleadh eolais	<b>74</b>
F. Céatadán iarratas a deonaíodh	<b>40.0</b>
G. Céatadán iarratas a diúltaíodh	<b>60.0</b>
H. Céatadán na gcásanna inar deimhníodh an cinneadh le hathruithe nó gan athruithe déanta ag An mBord Pleanála	<b>76.92</b>
I. Céatadán na gcásanna a ndeachaigh An Bord Pleanála siar ar an gcinneadh	<b>23.08</b>



## P: PLEANÁIL

### EILE: NÁR GHÁ MEASÚNÚ TIONCHAIR TIMPEALLACHTA INA LEITH

A. Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	1,627
B. Líon na gcinntí i gColún A a glacadh laistigh de 8 seachtaine	1,376
C. Líon na gcinntí i gColún A a raibh a thuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh	251
D. Líon na gcinntí i gColún A ar chomhaontaigh an t-iarratasóir le fadú ama, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000	1
E. An t-am ar an meán (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas i gcás gur lorgaíodh a thuilleadh eolais	74
F. Céatadán iarratas a deonaíodh	81.87
G. Céatadán iarratas a diúltaíodh	18.13
H. Céatadán na gcásanna inar deimhníodh an cinneadh le hathruithe nó gan athruithe déanta ag An mBord Pleanála	83.73
I. Céatadán na gcásanna a ndeachaigh An Bord Pleanála siar ar an gcinneadh	16.27

### EILE: GUR GHÁ MEASÚNÚ TIONCHAIR TIMPEALLACHTA INA LEITH

A. Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	2
B. Líon na gcinntí i gColún A a glacadh laistigh de 8 seachtaine	1
C. Líon na gcinntí i gColún A a raibh a thuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh	1
D. Líon na gcinntí i gColún A ar chomhaontaigh an t-iarratasóir le fadú ama, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000	0
E. An t-am ar an meán (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas i gcás gur lorgaíodh a thuilleadh eolais	110
F. Céatadán iarratas a deonaíodh	50.0
G. Céatadán iarratas a diúltaíodh	50.0
H. Céatadán na gcásanna inar deimhníodh an cinneadh le hathruithe nó gan athruithe déanta ag An mBord Pleanála	100
I. Céatadán na gcásanna a ndeachaigh An Bord Pleanála siar ar an gcinneadh	0

## P.2 FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

A. Líon iomlán na gcásanna faoi réir ag gearáin a ndearnadh imscrúdú orthu	523
B. Líon iomlán na gcásanna faoi réir ag gearáin a caitheadh amach	0
C. Líon iomlán na gcásanna faoi réir ag gearáin a bhfuarthas réiteach orthu trí idirbheartaíochtaí	243
D. Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí bhíthin litreacha rabhaidh	526
E. Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí bhíthin fógraí forfheidhmithe	149
F. Líon na n-ionchúiseamh	54

## P.3 UAIREANTA A MBÍONN AN RANNÓG PLEANÁLA AR OSCAILT DON PHOBAL

Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine	30
--	----

## P.4 RÉAMHCHOMHAIRLIÚCHÁN PLEANÁLA

A. Líon na gcrúinnithe ar réamhchomhairliúchán pleanála a tionóladh	311
B. An t-achar ama, ar an meán, (i laethanta) a caitheadh ón tráth a ndearnadh an iarraidh ar chomhairliúchán ar an údarás áitiúil go dtí gur tharla an cruinniú foirmiúil ar réamhchomhairliúchán pleanála	11

## P.5 FOIRGNIMH NUA A NDEARNADH CIGIREACHT ORTHU

Foirgnimh ar a ndearnadh cigireacht mar chéatadán d'fhoirgnimh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil	15.40
---	-------

## P.6 EASTÁTÁI Á DTÓGÁIL I GCÚRAM

A. Líon na n-eastát cónaithe a ndeachaigh an cead pleanála a tugadh dóibh in éag, a raibh iarrataí foirmiúla i scríbhinn i ndáil leo maidir le tógáil i gcúram (ó chónaitheoirí nó forbróirí), idir lámha ag tús na bliana	N/B	Ní dhéanann forbróirí ná cumainn chónaitheoirí iarraidh fhoirmiúil ar an gComhairle chun eastát a thógáil i gcúram.
B. Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain atá i gceist	9	
C. Líon na dteaghaisí i ndáil le colún B	1,180	
D. Céatadán eastát i gcolún A nár críochnaíodh chun sástacht an údaráis phleanála de réir an cheada phleanála	N/B	
E. Líon na n-eastát i gcolún D ar glacadh caingean forfheidhmithe i ndáil leo sa bhliain atá i gceist agus/nó ina ndearnadh an banna a ghairm	N/B	
F. Líon na n-eastát i gcolún D a ndearna an t-údarás oibreacha i ndáil leo chun an t-eastát a thabhairt ar chaighdeán ina mbeifí ábalta é a thógáil i gcúram	N/B	

## REC: SEIRBHÍSÍ ÁINEASA

### REC.1 ÁITEANNA SÚGARHA DO LEANAÍ

A. Líon na n-áiteanna súgartha do leanaí in aghaidh gach 1,000 duine arb é an t-údarás áitiúil a chuireann ar fáil iad

0.08 Ní léirítear anseo go bhfuil uasghrádú á dhéanamh againn ar na háiteanna súgartha atá ann cheana, go bhfuil Limistéir Chluichí Ilúsáideoirí á suiteáil do dhéagóirí agus go bhfuil monatóireacht/cothabháil á déanamh againn ar na háiteanna súgartha ionas go mbeidh siad ar cháilíocht dea-chaiighdeáin.

B. Líon na n-áiteanna súgartha do leanaí in aghaidh gach 1,000 duine arna n-éascú ag an údarás áitiúil

0 Ceanglaíonn Dún Laoghaire – Ráth an Dúin go mbeadh áiteanna súgartha agus deiseanna súgartha leis na hiarratais phleanála go léir le haghaidh tithe cónaithe. Níl córas i bhfeidhm againn go fóill áfach chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

### REC.2 SAORÁIDÍ FÓILLÍOCHTA ARNA NÉASCÚ AG AN ÚDARÁS ÁITIÚIL

Líon na gcuartheoirí chuig saoráidí fóillíochta arna n-éascú ag an údarás áitiúil in aghaidh gach 1,000 duine

4133.21

## REV: BAILIÚ IONCAIM

### REV.1 CÍOS TITHE

<b>A</b> An méid a bailíodh ag deireadh na bliana ina chéatadán den mhéid a bhí dlite ó Chíos Tithe	<b>86.80</b>
<b>B</b> Céatadán riaráistí ar Chíos Tithe atá i riaráiste le 4-6 seachtaine	<b>11.77</b>
<b>C</b> Céatadán riaráistí ar Chíos Tithe atá i riaráiste le 6-12 seachtaine	<b>23.43</b>
<b>D</b> Céatadán riaráistí ar Chíos Tithe atá i riaráiste le breis is 12 seachtaine	<b>73.38</b>

### REV.2 IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

<b>A</b> An méid a bailíodh ag deireadh na bliana ina chéatadán den mhéid a bhí dlite ó lasachtaí Tithíochta	<b>99.59</b>
<b>B</b> Céatadán riaráistí ar lasachtaí Tithíochta atá i riaráiste le 1 mí	<b>2.37</b>
<b>C</b> Céatadán riaráistí ar lasachtaí Tithíochta atá i riaráiste le 2-3 mhí	<b>3.23</b>
<b>D</b> Céatadán riaráistí ar lasachtaí Tithíochta atá i riaráiste le breis is 3 mhí	<b>91.02</b>

### REV.3 RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

An méid a bailíodh ag deireadh na bliana ina chéatadán den mhéid a bhí dlite ó rátaí Tráchtála	<b>91.29</b>	Bunaítear na sonraí ar Dhréacht-Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2008
--	--------------	---

### REV.4 MUIRIR DHRAMHAÍOLA

Céatadán na dteaghlach a bhí ag íoc muirir bhruscair (lena n-áirítear tarscaoileadh) ag deireadh na bliana	<b>85.27</b>	Tá córas 'Íoctar de réir Meáchain' ar bun i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trína n-eisítear ráitis i riaráistí ar theaghlaigh bunaithe ar mheáchan agus ar líon araidí a folmhaíodh. Ní ionann an córas sin agus córas na gclibeanna ó tharla go n-íocann na teaghlaigh 'táille aitheantais'. Áiríodh an ráiteas deiridh don bhliain 2008 de réir mar ba ghá. Cé go bhfuil an tsuim sin dlite don bhliain 2008 níl sé dlite sa bhliain 2008. Tá dochar reatha leis na cuntais ar a mbunaítear an táscaire seo; gabhann iarmhéid riaráistí isteach le cuntais áirithe freisin. Ní féidir na híocaíochtaí seo a bhaineann le hiarmhéideanna riaráistí isteach amháin a aithint
--	--------------	---

**REV.5 MUIRIR UISCE TRÁCHTÁLA**

An méid a bailíodh ag deireadh na bliana ina chéatadán den mhéid a bhí dlite ó Mhuirir Uisce Tráchtála	<b>31.35</b>	Bunaítear na sonraí ar Dhréacht-Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2008
--	--------------	---

**R: BÓITHRE****R1: CLÁR ATHCHÓIRITHE BÓITHRE**

An líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha ar cuireadh feabhas orthu agus a ndearnadh iad a chothabháil faoin gClár Athchóirithe in aghaidh na bliana	<b>16</b>
--	-----------

An líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoin scéim deontas um fheabhsúchán sonrach in aghaidh na bliana	<b>0.5</b>
---	------------